An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil chomhairliúcháin maidir le *hAistear* a nuashonrú: Céim 1

Aibreán 2023

# Clár Ábhar


## CUID 1: RÉAMHRÁ ........ 1

**1.1 Réamhrá: ........ 1**

**1.2 Straitéis chumarsáide ........ 1**

## CUID 2: MODHEOLAÍOCHT ........ 3

**2.1 Dearadh ........ 3**

**2.2 Bailiú sonraí ........ 3**

**2.3 Anailís ar shonraí ........ 4**

2.3.1 Fócasghrúpaí ........ 4
2.3.2 Aighneachtaí scríofa ........ 5
2.3.3 Ceistneoirí ........ 5

## CUID 3: TORTHAÍ ........ 6

**3.1 Sonraí ó na fócasghrúpaí ........ 6**

3.1.1 Céard atá ag oibriú go maith le *hAistear*? ........ 6
3.1.2 A bhfuil le nuashonrú in *Aistear:* ........ 8

**3.2 Aighneachtaí Scríofa ........ 12**

3.2.1 Prionsabail *Aistear* ........ 12
3.2.2 Téamaí *Aistear* ........ 19
3.2.3 Treoirlínte don Dea-Chleachtas ........ 25

**3.3 Sonraí na gceistneoirí ........ 26**

3.3.1 Ceisteanna aitheantais ........ 26
3.3.2 Prionsabail *Aistear* ........ 31
3.3.3 Téamaí *Aistear*: Folláine ........ 34
3.3.4 Téamaí *Aistear*: Féiniúlacht agus Muintearas ........ 37
3.3.5 Téamaí *Aistear*: Cumarsáid ........ 38
3.3.6 Téamaí *Aistear* Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht ........ 40
3.3.7 Treoirlínte don Dea-Chleachtas ........ 42

## CUID 4: ACHOIMRE FHEIDHMEACH AR CHOMHAIRLIÚCHÁN LE BABAITHE, NAÍONÁIN AGUS PÁISTÍ BEAGA ........ 50

**4.1 Réamhrá ........ 50**

**4.2 Modheolaíocht ........ 50**

**4.3 Ceisteanna eitice ........ 50**

**4.4 Sampla ........ 51**

**4.5 Príomhthorthaí** ........ 53

**CUID 5: MACHNAMH AR AN GCOMHAIRLIÚCHÁN LE BABAITHE, NAÍONÁIN, AGUS PÁISTÍ ÓGA: AG CUR BONN EOLAIS FAOI MHOLTAÍ MAIDIR LE H*AISTEAR* A NUASHONRÚ** ........ 54

**5.1 An próiseas machnaimh** ........ 54

**5.2 Príomhréimsí** ........ 55
5.2.1 Saoránacht agus Freagrachtaí ........ 55
5.2.2 Caidrimh ........ 55
5.2.3 Ilfhéiniúlachtaí, Feiceálacht, agus Ionchuimsiú ........ 55
5.2.4 Rannpháirtíocht le Teaghlaigh agus Pobail ........ 56
5.2.5 Ról an Duine Fhásta ........ 56
5.2.6 Cruthaitheacht ........ 57

**CUID 6: CONCLÚID** ........ 58

**6.1 Achoimre ar na torthaí** ........ 58
6.1.1 Prionsabail ........ 58
6.1.2 Téamaí ........ 59
6.1.3 Ábhair thacaíochta ........ 59
6.1.4 Teanga ........ 60
6.1.5 Súgradh ........ 60

**6.2 An chéad chéim eile den obair** ........ 60

**TAGAIRTÍ** ........ 61

# Cuid 1: Réamhrá

## 1.1 Réamhrá:

Tá *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (NCCA, 2009) dírithe ar gach páiste ó bhreith go sé bliana d'aois in Éirinn. Tá 12 Phrionsabal mar bhonn leis an gcreat agus baineann sé úsáid as ceithre Théama idirnasctha chun cur síos a dhéanamh ar fhoghlaim agus forbairt. Seo a leanas na Téamaí: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht. Tá ceithre shraith treoirlínte sa chreat freisin maidir le Comhpháirtíocht le tuismitheoirí; Idirghníomhaíochtaí; Súgradh; agus Measúnú. Is féidir le daoine fásta *Aistear* a úsáid i raon suíomhanna chun tacú le foghlaim agus forbairt páistí. Tá an CNCM i mbun *Aistear* a nuashonrú agus cé go bhfuil comhairliúcháin Chéim 1 críochnaithe anois, tá obair ar bun mar ullmhúchán do chomhairliúchán breise agus rannpháirtíocht i gCéim 2 maidir le moltaí d'*Aistear* nuashonraithe.

Sa cháipéis seo tá torthaí ó Chéim 1 den chomhairliúcháin a dhírigh ar phlé le páirtithe leasmhara chun a gcuid tuairimí maidir le h*Aistear* a chloisteáil. Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán go déanach i mí Bealtaine 2021 nuair a foilsíodh ábhair chomhairliúcháin ar líne, lena n-áirítear seimineár eolais ar líne, teimpléid aighneachta, agus ceistneoirí ar líne. Cuireadh deireadh leis in Aibreán 2022, nuair a rinneadh an fócasghrúpa deireanach agus nuair a dúnadh an comhairliúchán ar líne. Le linn Chéim 1, iarraidh ar pháirtithe leasmhara a gcuid tuairimí a roinnt faoin méid a bhfuil ag éirí leis in *Aistear*, agus faoi na moltaí a bheadh acu faoin gcaoi a bhfeabhsófaí agus a nuashonrófaí é. Cuireadh dearadh taighde chun feidhme agus bailíodh méid suntasach sonraí, bunús na tuarascála seo, trí mhodhanna éagsúla. Tugtar breac-chuntas orthu seo i gCuid 2: Modheolaíocht ina sonraítear dearadh an taighde, modhanna bailithe sonraí agus an próiseas anailísithe sonraí. I gCuid 3 cuirtear i láthair na torthaí ó na fócasghrúpaí, ceistneoirí, agus aighneachtaí. Rinneadh anailís ar na sonraí ar fad a bailíodh ag baint úsáid as na modhanna bailithe sonraí éagsúla seo trí phróiseas dian láidir chun na téamaí suntasacha a tháinig chun cinn a aithint agus rinneadh anailís agus tuairisciú ar gach tacar sonraí as féin. Cuireann na torthaí bunchlocha láidre ar fáil a dhéanfaidh eolas do mholtaí CNCM maidir le h*Aistear* a nuashonrú. Beidh na moltaí seo mar ábhar chomhairliúchán Chéim 2, agus ina dhiaidh sin tabharfaidh CNCM Aistear nuashonraithe chun críche go déanach in 2023/go luath in 2024.

## 1.2 Straitéis chumarsáide

Bhí sé mar aidhm ag próiseas nuashonraithe Aistear iarraidh ar pháirtithe leasmhara sa chóras ar fad dhá cheist leathana a fhreagairt:

1. Céard leis a bhfuil ag éirí go maith in *Aistear*?
2. Cad iad na rudaí ar cheart feabhsú/nuashonrú a dhéanamh orthu?

Tá CNCM dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fheasacht fhairsing agus chuimsitheach ar Chéim 1 de nuashonrú *Aistear*, agus do rannpháirtíocht leis sin. Baineadh úsáid as uirlisí cumarsáide éagsúla agus rinneadh nuashonrú ar chuid shuíomh gréasáin CNCM maidir le Forbairtí Oideachais Luath-Óige ionas gurbh fhéidir rochtain a fháil go héasca ar an eolas ar fad agus ar na hábhair agus uirlisí a bhain leis. Cuireadh seimineár gréasáin eolais ar Phrionsabail agus Téamaí Aistear, chomh maith le físeán gearr eolais maidir leis an nuashonrú féin, agus cáipéis eolais ar fáil (i mBéarla agus i

nGaeilge) ar an suíomh gréasáin. Is i ríomhchumarsáid CNCM *info@ncca* a fuarthas faisnéis maidir leis an gcaoi ar féidir le daoine aonair agus eagraíochtaí a bheith rannpháirteach sna himeachtaí agus gníomhaíochtaí éagsúla comhairliúcháin. Foilsíodh ailt faisnéise i bhfoilseacháin ghairmiúla agus roinneadh na príomh-nuashonruithe agus an phríomhfhaisnéis ar ardáin mheáin shóisialta CNCM (Twitter, Facebook agus Instagram) leis an rannpháirtíocht ab airde agus ab fhéidir i gCéim 1 de phróiseas an nuashonraithe a chinntiú.

# Cuid 2: Modheolaíocht

## 2.1 Dearadh

Ba é cuspóir chomhairliúchán Chéim 1 a chinntiú go mbeadh bealach ag aon duine nó eagraíocht a bhí ag iarraidh tuairim a chur in iúl ar *Aistear* sin a dhéanamh agus baineadh seo amach trí réimse modhanna chun aiseolas a thabhairt. Bhí sraith leasuithe le déanamh ar an bplean mar thoradh ar thionchar phaindéim Covid-19, agus ar deireadh tugadh faoin mbailiú sonraí níos déanaí ná mar a measadh ar dtús agus díríodh i bhfad níos mó ar imeachtaí ar líne ná mar a socraíodh ar dtús. D'ainneoin sin, níor athraigh an bhunchloch don bhailiú sonraí agus leagadh dearadh na modheolaíochta amach bunaithe ar an dá phríomhcheist ar tugadh breac-chuntas orthu thuas. Ba iad seo an bunús leis na sonraí ar fad a bailíodh agus chinntigh seo leanúnachas sna modhanna bailithe sonraí uile agus chuir sé le cumarsáid chiallmhar maidir leis an gcomhairliúchán.

D'oibrigh CNCM i bhfoirne ina raibh breacairí nótaí neamhspleácha agus taighdeoirí le haghaidh bailiú sonraí agus anailís araon chun piarmheasúnú agus meabhrachas a chumasú (Chenail, 2011). Mar shampla, ag gach fócasghrúpa ar líne, ba é a bhí san fhoireann, éascaitheoir agus breacaire nóta ó CNCM agus breacaire nóta neamhspleách. Tar éis gach fócasghrúpa, bhí cruinniú mioncheistithe idir an t-éascaitheoir agus na breacairí nóta. Rinneadh bearta breise, amhail comhairliúchán a dhéanamh le grúpaí ionadaíocha tuismitheoirí maidir leis na ceistneoirí a ceapadh do thuismitheoirí/caomhnóirí, chun inrochtaineacht na bpróiseas agus na n-uirlisí bailithe sonraí a fheabhsú. Maidir leis an anailís, d'oibrigh oifigeach oideachais luathóige le taighdeoir neamhspleách ar na sonraí ó na fócasghrúpaí agus d'oibrigh ball feidhmiúcháin CNCM leis an mbeirt taighdeoirí a bhí ag déanamh anailís ar na haighneachtaí ar líne agus ar na sonraí ó na ceistneoirí. Cuimsíodh '*plé machnamhach*' (Braun agus Clark, 2006, lch. 82) sa phróiseas anailíse, le pearsanra CNCM ag obair leis an taighdeoir le haghaidh plé agus cinnteoireacht i sainaithint téama/topaice, chomh maith le riosca chlaontacht an taighdeora a mhaolú.

## 2.2 Bailiú sonraí

Bhain modhanna éagsúla aiseolas a thabhairt leis an mbailiú sonraí le linn Chéim 1 (féach Tábla 1). Ba iad dhá cheistneoir ar líne – ceann do ghairmithe agus ceann do thuismitheoirí/caomhnóirí - na príomhuirlisí cainníochtúla a bhí ar fáil ar shuíomh gréasáin CNCM. Ba éard a bhí i gceist le gné cháilíochtúil an bhailithe sonraí ná teimpléad d'aighneacht ar líne agus sraith fócasghrúpaí ar líne, áit a raibh deis ag rannpháirtithe a gcuid aiseolais ar Aistear a roinnt bunaithe ar dhá phríomhcheist – na rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo agus na rudaí atá le nuashonrú. Bhí cleachtóirí, lucht acadúil, grúpaí abhcóideachta, tuismitheoirí, múinteoirí bunscoile, Eagraíochtaí Náisiúnta Saorálacha um Chúram Leanaí, seirbhísí tacaíochta agus grúpaí leasmhara eile rannpháirteach sna fócasghrúpaí. Rinneadh imeacht comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh a reáchtáil i mBaile Átha Cliath freisin ar 22 Márta, 2022. Ar an iomlán, rinneadh 12 fócasghrúpa le páirtithe leasmhara idir Samhain 2021 agus deireadh mhí Aibreáin 2022, 11 acu a bhí i mBéarla agus ceann amháin i nGaeilge. Fuair CNCM 523 freagra críochnaithe don cheistneoir gairmiúil, 522 freagra i mBéarla agus ceann amháin i nGaeilge. Bhí 153 freagra críochnaithe ann don cheistneoir tuismitheora/caomhnóra, 148 i mBéarla agus 5 cinn i nGaeilge. Fuarthas aighneachtaí ar líne ó 35 údar - ceithre cinn ó dhaoine aonair agus 31 ceann ó eagraíochtaí. Bhí cúig cinn de na haighneachtaí ó eagraíochtaí i nGaeilge agus rinneadh iad seo a aistriú don anailís agus cuireadh ar fáil don taighdeoir iad i nGaeilge agus i mBéarla.

**Tábla 1: Léargas ginearálta ar bhailiú sonraí i gCéim 1**

| Modh comhairliúcháin | Rannpháirtithe/Freagróirí | Líon |
|---|---|---|
| Fócasghrúpaí ar líne | Oideoirí, tuismitheoirí, eagraíochtaí tacaíochta, lucht acadúil | 12 chruinniú le 259 rannpháirtí |
| Imeacht aghaidh ar aghaidh | Eagraíochtaí leasmhara | 40 rannpháirtí |
| Ceistneoirí ar líne comhlíonta | Gairmithe | 523 (1 i nGaeilge) |
| Ceistneoirí ar líne comhlíonta | Tuismitheoirí/caomhnóirí | 153 (5 i nGaeilge) |
| Aighneachtaí scríofa | Eagraíochtaí agus daoine aonair | 35 (5 i nGaeilge) |

## 2.3 Anailís ar shonraí

De bhrí go raibh sonraí cáilíochtúla (sonraí/aighneachtaí fócasghrúpaí) agus cainníochtúla (ceistneoirí) sna sonraí a bailíodh, úsáideadh modhanna difriúla anailísithe sonraí.

### 2.3.1 Fócasghrúpaí

Ba é cuspóir na hanailíse a rinneadh ar shonraí na bhfócasghrúpa ná patrúin (téamaí/topaicí) a shainaithint sna sonraí a bailíodh. Ba é anailís théamach, mar a shainmhíníonn Braun agus Clarke (2006), an mhodheolaíocht a glacadh le haghaidh na hanailíse. Rinne na breacairí nótaí neamhspleácha na sonraí loma ó na fócasghrúpaí a 'thriaiseáil' sa chéad chuid den anailís, agus rinneadh na sonraí a rangú de réir an dá cheist a pléadh le linn an chomhairliúcháin. Chuir anailísí neamhspleách a d'oibrigh le foireann CNCM dhá thacar sonraí i dtoll a chéile le haghaidh anailíse. Bhí an t-aiseolas ón imeacht comhairliúcháin aghaidh ar aghaidh agus ón 12 fhócasghrúpa ar líne sna sonraí seo.

Rinneadh an anailís ag baint úsáid as próiseas anailíse téamach sé chéim Braun agus Clark (2006). I gcéim 1, léadh an dá thacar sonraí roinnt uaireanta agus rinne an t-anailísí nótaí tosaigh, mheas sé réimsí faoi leith a luadh, agus rinne sé pointí a rangú go sealadach agus go garbh faoi réimsí leathana. Ansin i gcéim 2 cuireadh réamhchóid i bhfeidhm go córasach ar na sonraí ar fad. Rinneadh an dara hathbhreithniú ar an gcódú agus cinntíodh gur cuireadh i bhfeidhm go cruinn na réamhchóid. Agus an méid sin déanta, rinne an t-anailísí athbhreithniú ar na sonraí le cinntiú gur cuireadh cóid a tháinig chun cinn níos déanaí sa phróiseas i bhfeidhm go cuí ar na sonraí luatha. Baineadh úsáid as códú i gcodanna chun cóid a chur i dtoll a chéile isteach i gcatagóirí níos leithne, ag cur tús le céim 3. Chuir na cóid agus na catagóirí a leagadh amach deis ar fáil do chódú tríú babhta níos déaduchtaí. Ag an bpointe seo, sa cheathrú céim, rinneadh athbhreithniú ar na téamaí/topaicí a bhí ag forbairt agus réitíodh mapaí téamacha/topaiciúla chun croíthéamaí/croíthopaicí an staidéir a léiriú. Cuireadh mapaí aonair laistigh de théamaí/topaicí le chéile chomh maith chun fothéamaí idirghaolmhara a aithint. Bunaithe ar na catagóirí a aithníodh, leagadh na torthaí amach i dtéarmaí téamaí/topaicí uileghabhálacha a léiríonn scéal na sonraí i gcéim 5. Sa chéim dheireanach, tugadh faoi phróiseas cuir le chéile agus réitithe na tuarascála seo agus áiríodh ina measc sin roghnú sleachta sonraí a léirigh na pointí achoimre a ghin breacairí nótaí na bhfócasghrúpaí. Leanadh leis an anailís le linn phróiseas na scríbhneoireachta le cinntiú gur léirigh an tuarascáil na sonraí ar an mbealach ba bharántúla agus ab fhéidir.

Léiríonn na torthaí na pointí ginearálta achoimre ó shonraí na bhfócasghrúpaí le chéile, seachas tuairimí faoi leith daoine aonair nó tras-scríbhinní díreacha ó phlé níos leithne na bhfócasghrúpaí.

### 2.3.2 Aighneachtaí scríofa

Roinneadh 35 aighneacht scríofa, lena n-áirítear aistriúcháin ar na cúig aighneacht i nGaeilge, le hanailísí neamhspleách. Bhí ceithre chuid sa teimpléad d'aighneachtaí scríofa. Ba dheis chun tráchtaireachtaí ginearálta a dhéanamh maidir le h*Aistear* a bhí sa chéad chuid, bhain an dara cuid le Prionsabail *Aistear*, bhain an ceathrú cuid le Téamaí *Aistear*, agus bhain an ceathrú cuid leis na Treoirlínte don Dea-Chleachtas. I bhfianaise raon na n-aighneachtaí a fuarthas agus an t-aiseolas saibhir a thug eagraíochtaí agus daoine aonair, rinneadh an anailís ar na haighneachtaí scríofa de réir an oird a bhí sa teimpléad ar mhaithe le soiléire agus cur i láthair. Ag baint úsáid as an próiseas sé chéim a leag Braun agus Clarke (2006) amach agus a ndearnadh tagairt dó thuas i gcomhthéacs na hanailísí ar shonraí na bhfócasghrúpaí, thug an t-anailísí a d'oibrigh le foireann CNCM faoi anailís théamach atriallach agus críochnúil. Ba éard a bhí i gceist leis an bpróiseas códaithe ná cóid a chur ar dheighleáin sonraí (códú i gcodanna) nó líne ar líne de réir mar ba chuí. Forbraíodh agus nuashonraíodh táblaí mionsonraithe sonraí maidir le Prionsabail, Téamaí, agus Treoirlínte *Aistear*, inar tugadh breac-chuntas ar théamaí/topaicí a bhí ag forbairt, le linn phróiseas na hanailíse sonraí. Bhí tráchtaireacht shuntasach ó gach aighneacht sna táblaí seo a thug comhthéacs maidir leis na cóid a cuireadh i bhfeidhm, chomh maith le topaicí uileghabhálacha a forbraíodh agus na cóid á ndaingniú thar am. Ag an bpointe seo, fuarthas réidh le téamaí/topaicí nach raibh ach aighneacht scríofa nó dhó ag baint leo, agus fágadh cóid a daingníodh tuilleadh. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin go ndéanfar gach aighneacht ar tugadh cead dá foilsiú chomh maith leis an anailís seo a fhoilsiú ar líne in éineacht leis an tuarascáil chomhairliúcháin seo ar shuíomh gréasáin CNCM.

### 2.3.3 Ceistneoirí

Réitíodh dhá cheistneoir, ceann do ghairmithe (523 freagra comhlíonta) agus ceann eile do thuismitheoirí/caomhnóirí (153 freagra comhlíonta). Rinneadh iad seo a óstáil ar an ardán Survey Hero. Roinneadh an dá cheistneoir i gceithre chatagóir ceisteanna:

- Ceisteanna Aitheantais
- Prionsabail
- Téamaí
- Treoirlínte don Dea-Chleachtas

Bhí nasc sa cheistneoir gairmiúil chuig an teimpléad d'aighneachtaí scríofa d'aon duine a raibh spéis acu tuilleadh eolais a chur ar fáil. Bhí cuid ag deireadh an cheistneora do thuismitheoirí/caomhnóirí chun tráchtanna breise a dhéanamh. Rinneadh na freagraí ar fad a íoslódáil ag baint úsáid as Excel agus cuireadh le chéile i ndá mháistirchomhad iad, ceann do ghairmithe, agus ceann do thuismitheoirí/caomhnóirí, le go ndéanfadh taighdeoir neamhspleách a bhí ag obair le foireann CNCM anailís orthu. Ní dhearnadh anailís ach ar cheistneoirí a bhí comhlánaithe. Rinneadh anailís ar na sonraí i ngach comhad Excel ag baint úsáid as an bhfoirmle COUNTIF i ngach colún agus ansin táblaíodh iad le haghaidh gach ceiste. Baineadh úsáid as na táblaí sin ansin chun graif a léirigh na torthaí a dhéanamh ag baint úsáid as cineálacha éagsúla cairteacha. Tá téacs tuairisciúil faoi gach cairt ag déanamh cur síos ar thábhacht shonrach na cairte.

# Cuid 3: Torthaí

## 3.1 Sonraí ó na fócasghrúpaí

### 3.1.1 Céard atá ag oibriú go maith le *hAistear*?

Sainaithníodh cúig réimse théamacha uileghabhálacha ó thaobh a bhfuil ag éirí go maith leis in *Aistear* (féach Tábla 2).

**Tábla 2: Céard atá ag oibriú go maith le *hAistear*?**

| | |
|---|---|
| 1 | Íomhá an pháiste |
| 2 | Struchtúr an chreata |
| 3 | An tábhacht atá le súgradh |
| 4 | Tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail |
| 5 | Inrochtaineacht agus solúbthacht |

**Íomhá an pháiste**
Aithníodh íomhá an pháiste mar phríomhréimse atá ag oibriú go maith in *Aistear*. Tharraing na fócasghrúpaí aird an gcaoi a mbíonn an íomhá seo le feiceáil trí na Prionsabail, Téamaí, agus na Treoirlínte don Dea-Chleachtas. Luadh sna fócasghrúpaí fís pháisteláraithe an chreata, guth an pháiste, lárnacht Phrionsabal na páistí mar shaoránaigh, agus an dearcadh gur foghlaimeoirí cumasacha agus muiníneacha a bhfuil cumas gníomhaithe iontu iad páistí ó bhreith go sé bliana d’aois. Mar shampla, luadh go raibh fócas páisteláraithe ann agus béim ar ghuthanna páistí a chloisteáil agus ar ghníomhú dá réir. Luadh freisin go raibh dearcadh a raibh bonn leis ann gur saoránach luachmhar é an páiste, rud a leagann a gcuid dearcthaí i lár an chleachtais agus a chabhraíonn le béim a leagan ar chaidrimh mhothálacha ar ardchaighdeán agus a sheachnaíonn cur chuige struchtúrtha ticeála bosca i leith foghlaim agus forbairt páistí óga. Luadh roinnt uaireanta freisin dearcadh iomlánaíoch *Aistear* ar fhoghlaim agus ar fhorbairt páistí agus luadh sna tráchtanna, mar shampla, go dtagann na Treoirlínte agus Prionsabail le cuir chuige idirnáisiúnta agus go bhfuil ag éirí go maith leo. Leabaíonn siad eispéireas iomlánaíoch an pháiste agus áiríonn siad guth an pháiste. Tarraingíodh aird freisin ar nádúr ionchuimsitheach *Aistear*, agus dúradh go bhfuil *Aistear* dírithe ar ionchuimsiú agus go gcuireann sé samhail oiriúnaitheach maidir le soláthar/cleachtas chun cinn a chruthaíonn deiseanna do gach páiste páirt a ghlacadh. Bíonn an raon ag daoine fásta freagairt go cuí do pháistí aonair. Pointe eile a luadh ná go mbíonn *Aistear* á threorú ag páistí, go bhfuil sé páisteláraithe, go leanann sé spéiseanna páistí, agus gur féidir é a chur in oiriúint chun a bheith feiliúnach don pháiste aonair.

**Struchtúr an chreata**
Sainaithníodh struchtúr *Aistear* mar ghné dhearfach a bhfuil ag éirí go maith léi. Bhí na Téamaí, atá leathan agus a chuimsíonn an tábhacht a bhaineann leis an foghlaim sa luathóige agus a chuireann dearcadh úsáideach ar fáil maidir le forbairt an pháiste a thuiscint ar bhealach iomlánaíoch, ar cheann de na príomhréimsí a aithníodh. Aithníodh mar bhua de chuid *Aistear* an cur chuige iomlánaíoch seo agus na Téamaí idirnasctha, agus ba é Féiniúlacht agus Muintearas an téama ba mhó a luadh. Maidir leis na Prionsabail, cé nár luadh chomh minic agus a luadh na Téamaí iad, dúradh go raibh siad an-ábhartha do shaol agus d’fhoghlaim páistí agus braitheadh go bhfuil an

taighde idirnáisiúnta mar bhunús leo, go bhfuil siad leagtha amach go maith, agus gur cheart iad a choimeád mar phríomhghné den chreat. Luadh go gcuireann na Prionsabail dearcadh dearfach chun cinn maidir le forbairt iomlánaíoch an pháiste, go bhfuil siad an-láidir ar fad, agus go ndéanann an gcaoi a léirítear i dtrí ghrúpa iad tuiscint mhaith orthu a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, luadh an tábhacht a bhaineann leis na Prionsabail seo a leanas: Súgradh; Comhionannas agus éagsúlacht; Pháistí mar shaoránaigh; Ról an duine fásta; agus An timpeallacht foghlama. I bplé eile, dúradh gur athrú réabhlóideach iad na Prionsabail a dhíríonn ar chumas gníomhaithe an pháiste agus ar ghuth an pháiste a spreagadh agus luadh go gcruthóidh daoine fásta an timpeallacht foghlama a theastaíonn don fhoghlaim oiriúnaitheach má ghlacann siad leis na Prionsabail agus má thosaíonn siad leis an íomhá go bhfuil páistí cumasach agus ábalta. Luadh freisin gur gné dhearfach agus bua de chuid *Aistear í* an tábhacht a bhaineann le meonta maidir le foghlaim.

**An tábhacht atá le súgradh**

Aithníodh i bplé na bhfócasghrúpaí go bhfuil tábhacht an tsúgartha an-suntasach agus gur gné thábhachtach d'*Aistear* é. Measadh go bhfuil an tábhacht atá le súgradh soiléir sna Treoirlínte don Dea-Chleachtas agus tarraingíodh aird orthu seo mar rudaí a chuir le foghlaim agus forbairt an pháiste trí na Téamaí. Luadh freisin go gcuireann *Aistear* tuiscint chun cinn maidir leis an bhfáth a bhfuil súgradh tábhachtach agus maidir leis an gcaoi ar féidir tacú leis na cineálacha éagsúla súgartha sa luathóige. Luadh sa phlé oideolaíocht an tsúgartha, foghlaim agus forbairt an pháiste, agus an tábhacht a bhaineann leis an súgradh amuigh faoin aer a spreagadh.

**Tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail**

Luadh sna fócasghrúpaí an tábhacht a bhaineann le fócas ar thuismitheoirí, teaghlaigh, agus pobail a chur chun cinn. Tarraingíodh aird ar an ngá le rannpháirtíocht tuismitheoirí ó thaobh na féiniúlachta agus an mhuintearais agus le hobair i gcomhar le tuismitheoirí a spreagadh agus le glacadh le héagsúlacht chultúrtha agus ilchultúrthacht a choimeád. Ó thaobh na cumarsáide le tuismitheoirí de, measadh gur treoir mhaith é *Aistear* le cabhrú le tuismitheoirí foghlaim agus forbairt a bpáiste a thuiscint, agus measadh go bhfuil sé cabhrach ó thaobh eolas a roinnt le tuismitheoirí ag baint úsáid as na Téamaí agus trí cháipéisíocht. Luadh go dtacaíonn Aistear le hoideoirí chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt le tuismitheoirí agus go bhfuil foghlaim na bpáistí níos soiléire anois do thuismitheoirí mar gheall ar na cáipéisí oideolaíochta a roinntear agus gur chabhraigh sé leo meas a bheith acu ar an tábhacht a bhaineann leis an súgradh i bhfoghlaim páistí.

**Inrochtaineacht agus solúbthacht**

Aithníodh inrochtaineacht agus solúbthacht *Aistear* mar ghné thacúil ó thaobh obair leis an gcreat de. Luadh go leanúnach é seo maidir le nádúr solúbtha *Aistear* mar chreat a chuireann deis ar fáil do ghairmithe a mbrí féin a bhaint as toisc nach bhfuil sé forordaitheach. Luadh freisin go mbaineann páirtithe éagsúla leasmhara úsáid as an gcreat agus measadh go bhfuil sé oiriúnach agus go dtacaíonn sé le raon leathan úsáideoirí agus gur féidir é a chur i bhfeidhm beag beann ar shamhail an churaclaim nó ar an gcineál suímh atá ann. Luadh go dtacaíonn creat *Aistear* le haistrithe páistí óga go suíomhanna cúram leanaí. Oibríonn simplíocht na teanga do raon leathan cúlraí agus tacaíonn sé le tuismitheoirí agus le páistí ó thimpeallachtaí agus ó chomhthéacsanna éagsúla. Aithníodh *Aistear* mar 'chomhtheanga' ann féin mar cuireann sé bealach cumarsáide ar fáil chun cumarsáid a dhéanamh le páirtithe éagsúla atá bainte i bhfoghlaim agus i bhforbairt an pháiste.

### 3.1.2 A bhfuil le nuashonrú in *Aistear:*

Sainaithníodh ceithre réimse théamacha uileghabhálacha a bhfuil gá lena nuashonrú (féach Tábla 3).

**Tábla 3: A bhfuil le Nuashonrú in *Aistear***

| | |
|---|---|
| 1 | Comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsiú, agus ilchultúrthacht |
| 2 | Béim níos mó ar thuismitheoirí, teaghlaigh, agus pobail |
| 3 | Struchtúr an chreata |
| 4 | Fócas níos mó ar shúgradh |

**Comhionannas, Éagsúlacht, Ionchuimsiú, agus Ilchultúrthacht (EDII)**
Aithníodh gurb é EDII an phríomhghné atá le nuashonrú in *Aistear*. Ba é seo an réimse ba mhó ar tagraíodh dó sna fócasghrúpaí agus leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le béim níos mó ar an iomlán ar éagsúlacht agus ionchuimsiú agus *Aistear* á nuashonrú. Luadh na hathruithe atá tagtha ar shochaí na hÉireann ó forbraíodh Aistear ar dtús agus luadh go minic gur cheart d'*Aistear* teacht le sochaí na hÉireann a bhfuil athruithe ag teacht uirthi. Ba cheart plé le teanga na héagsúlachta agus an ionchuimsithe ar mhaithe le téarmaíocht a nuashonrú agus ba cheart níos mó samplaí a léiríonn éagsúlacht a leabú in *Aistear* 'le cinntiú go bhfuil sé ionchuimsitheach agus neamhchlaonta' (aistrithe go Gaeilge) agus go gcuimsíonn sé na bealaí éagsúla ina bhfoghlaimíonn agus ina bhforbraíonn páistí. Tugadh le fios go mbeadh sé cabhrach eispéiris shamplacha foghlama níos fearr don fhoghlaim ilchultúrtha a chur ann, lena n-áirítear tagairtí do chultúir agus cúlraí éagsúla agus ilteangacha na bpáistí i suíomhanna luathóige na laethanta seo a aithint. Luadh, cé go n-aithníonn *Aistear* go mbíonn a dteanga féin agus a gcásanna teaghlach féin ag páistí, gur gá níos mó forbartha a dhéanamh air seo, agus ní i dtéama amháin faoi leith, ach sa chreat ar fad ar bhealach níos follasaí. Luadh freisin gur cheart d'Aistear tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar fhéiniúlacht inscne. Luadh roinnt uaireanta an tábhacht a bhaineann le cur chuige ceartabhunaithe agus an tábhacht a bhaineann le cinntiú go bhfuil sé seo le brath i dteanga *Aistear*. Ba théarma é gníomhú a luadh roinnt uaireanta i dtaobh páistí, agus i dtaobh ghníomhú daoine fásta a oibríonn le páistí. Luadh go mbaineann tábhacht le cumasú roinnt uaireanta freisin. Rinneadh moltaí freisin maidir le h*Aistear* a aistriú go teangacha éagsúla agus samplaí agus treoir bhreise a bheith ann maidir le hobair agus eolas a roinnt le tuismitheoirí agus teaghlaigh ó chúlraí ilchultúrtha. Luadh i roinnt fócasghrúpaí freisin an tábhacht a bhaineann le cultúr agus oidhreacht na hÉireann, ach níor luadh i ngach ceann é. Luadh treoir bhreise maidir le heolas a roinnt agus obair le tuismitheoirí a bhfuil riachtanais bhreise ag a gcuid páistí agus luadh go bhfuil gá le fócas níos mó ar thacú le páistí a bhfuil difríochtaí céadfacha acu. Moladh go ndéanfaí stiúradh níos soiléire chuig *Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luathóige* (Rialtas na hÉireann 2016) agus na *Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch do Shuíomhanna Luathfhoghlama agus Luathchúraim* (Rialtas na hÉireann (2019) sa nuashonrú.

**Béim níos mó ar thuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail**
Faoi mar a luadh níos luaithe, ba bhua de chuid *Aistear* iad tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail i bplé na bhfócasghrúpaí, ach é sin ráite, luadh go bhfuil gá le nuashonrú sa réimse seo. Bhí cuid de na pointí céanna anseo agus a bhí sna príomhphointí ar leagadh béim orthu i gcomhthéacs EDII. Luadh in go leor de na fócasghrúpaí an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht tuismitheoirí agus an chaoi ar cheart seo a chur chun cinn níos mó in *Aistear*. Ar cheann de na príomhréimsí a aithníodh, bhí feasacht a ardú i measc tuismitheoirí maidir le tábhacht *Aistear* agus an tábhacht a bhaineann le ról an tsúgartha sa luathóige. Gné eile a luadh ná cumarsáid éifeachtach le

tuismitheoirí. Lorgaíodh treoir bhreise maidir le cáipéisíocht a bhaineann le foghlaim agus forbairt páistí a roinnt go héifeachtach go háirithe i gcomhthéacs obair le tuismitheoirí a bhfuil riachtanais bhreise ag a bpáistí. Luaigh mionlach ról na cumarsáide digití agus an chaoi ar úsáideadh seo le linn phaindéim Covid-19. Tarraingíodh aird freisin ar obair le tuismitheoirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu agus a thagann ó chúlraí éagsúla, agus luadh chomh maith tuilleadh nasc a chruthú le pobail agus imeachtaí cultúrtha. Leagadh béim freisin ar an deis atá ann samplaí nua a fhorbairt laistigh d'*Aistear*.

**Struchtúr an chreata**
Cé gur luadh gnéithe dearfacha maidir le struchtúr an chreata, aithníodh freisin príomhréimsí le nuashonrú, an téarmaíocht a úsáidtear in *Aistear* ina measc sin. Rinneadh moltaí éagsúla maidir le téarmaíocht, agus áiríodh i measc na moltaí a rinneadh sna fócasghrúpaí roinnt moltaí maidir leis na spriocanna foghlama a nuashonrú agus a choimriú. Cé gur aithníodh Téamaí *Aistear* mar phríomhréimse ba cheart a choinneáil, luadh gur cheart an t-ionchuimsiú a leabú sna Téamaí ar fad. Tugadh le fios freisin gur féidir leis na Téamaí na Prionsabail a shárú agus gur deis é an nuashonrú cur leis na naisc eatarthu. Chomh maith le naisc den chineál seo a chruthú, is gá béim níos láidre a leagan ar na Prionsabail. Dúradh go bhfuil na hAidhmeanna agus na Spriocanna Foghlama ábhartha fós agus gur gnéithe tábhachtacha den chreat iad. É sin ráite, moladh go bhféadfaí na Spriocanna Foghlama a choimriú chun tacú le hoideoirí ó thaobh breathnuithe a dhéanamh agus tabhairt faoin gcleachtas machnamhach de.  Maidir le cur i láthair *Aistear* go ginearálta, lorgaíodh go gcoinneofaí an chóip chrua, ach go mbeadh ábhar idirghníomhach ar fáil ar líne. Luadh freisin go bhféadfaí ceisteanna machnamhacha a chur isteach agus rinneadh moladh freisin go mbeadh trí chreat ar leith ann a bheadh nasctha trí aois. Arís, moladh go mbeadh naisc shoiléire nó treoir i dtreo príomhcháipéisí beartais ann. Chomh maith le béim a leagan ar na hathruithe a theastaíonn maidir le nuashonrú an chreata, ardaíodh ceist na réimsí ina bhfuil ábhair tacaíochta nua ag teastáil sa phlé freisin. Mar shampla, luadh roinnt uaireanta:

- an tábhacht a bhaineann le cáipéisíocht agus an gá le treoir bhreise maidir le measúnú agus níos mó béime go háirithe ar rannpháirtíocht na bpáistí sa mheasúnú
- tacaíocht maidir le heolas ar fhoghlaim agus forbairt an pháiste a roinnt le tuismitheoirí
- naisc shoiléire le Treoir Chleachtais Aistear Síolta (ASPG) agus le teimpléid cháipéisíochta go háirithe
- forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), oiliúint and tacaíocht chun leagan nuashonraithe d'*Aistear* a chur i bhfeidhm.

**Ról an tsúgartha**
Tháinig moltaí chun cinn maidir le cur le ról an tsúgartha in *Aistear*. Aithníodh cearta páistí chun súgradh agus ról an tsúgartha i bhfoghlaim páistí sa luathóige a chur chun cinn. Aithníodh mar ghné an-ábhartha ar fad é seo maidir le haistrithe agus ról an tsúgartha, agus an bhrí a bhaintear as *Aistear* i mbunscoileanna. Luadh roinnt uaireanta go bhfuil gá le dul i ngleic le ról na foghlama ról-imeartha, béim níos láidre a leagan ar an súgradh agus ar chur i bhfeidhm níos iomlánaí *Aistear*, seachas le linn uair an chloig amháin *Aistear* sa bhunscoil. Lorgaíodh freisin leanúnachas níos fearr agus ailíniú le réimsí go háirithe idir *Aistear* agus *Curaclam na Bunscoile* nuashonraithe. Aithníodh freisin go mbaineann tábhacht le hoiliúint bhreise agus le FGL i réimse an tsúgartha do thodhchaí *Aistear*. Tarraingíodh aird freisin ar an tábhacht a bhaineann leis an súgradh amuigh faoin aer, ach ní raibh sé seo lárnach ar an iomlán i gcomhthéacs na bpríomhghnéithe atá le nuashonrú in *Aistear*.

**Réimsí eile**

I measc réimsí eile a luadh ó thaobh nuashonrú an chreata de bhí folláine an pháiste, go háirithe maidir lena bhfolláine shóisialta agus mhothúchánach. Tarraingíodh aird freisin ar na naisc idir folláine agus gníomhú, ionchuimsiú, súgradh allamuigh agus contúirteach, agus an tábhacht a bhaineann le heispéiris fhisiciúla do pháistí atá an-óg. Luadh freisin an tábhacht a bhaineann leis an allamuigh, an dúlra, agus inbhuanaitheacht. É sin ráite, níor phríomhghné le nuashonrú é seo de réir a mhinice a luadh é sna fócasghrúpaí ar an iomlán. Ardaíodh ceist ETIM, TFC, agus úsáid uirlisí digiteacha freisin, ach arís, níor aithníodh go leanúnach mar phríomhthosaíocht do nuashonrú *Aistear* iad seo. Luadh freisin an gá le samplaí faoi leith a bhaineann le páistí an-óg agus le naíonáin ach ní raibh sé suntasach ar liosta na bpríomhthosaíochtaí. Luadh freisin infheidhmeacht Aistear i gcás feighlithe leanaí, ach níor luadh go leanúnach sna fócasghrúpaí ar fad é seo.

**Achoimre**

Cuireadh tacair sonraí na bhfócasghrúpaí ar fáil don anailís i ndá chomhad éagsúla agus rinneadh anailís orthu ag baint úsáid as an bpróiseas críochnúil céanna. Bhí sé soiléir mar thoradh ar an bpróiseas seo nár tagadh le chéile i gcónaí maidir le pointí áirithe, agus in amanna, gurbh ionann cuid de na réimsí ar tarraingíodh aird orthu i gcomhthéacs réimsí le coinneáil agus cuid de na réimsí a dúradh gur gá a nuashonrú. Mar thoradh air seo, breathnaíodh ar thorthaí an dá phróisis le chéile i gcomhthéacs an mhórphictiúir ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile chun eolas a dhéanamh don phróiseas um nuashonrú *Aistear*. Aithníodh na Téamaí, Aidhmeanna, agus Spriocanna Foghlama mar phríomhghnéithe i struchtúr an chreata ach comhaontaíodh gurbh fhéidir líon na Spriocanna Foghlama a laghdú agus a shimpliú. Aithníodh gur bua é íomhá an pháiste ach go bhfuil gá lena nuashonrú maidir le cearta páistí, gníomhú, cumasú agus ionchuimsiú chomh maith leis an ngá an éagsúlacht a aithint tuilleadh agus glacadh léi. Aithníodh go bhfuil béim *Aistear* ar thuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail tábhachtach ach go bhfuil gá lena nuashonrú maidir le tuismitheoirí a dhéanamh níos rannpháirtí fós, agus le bheith feasach go háirithe ar an ilchultúrthacht i sochaí na hÉireann. Tarraingíodh aird freisin ar an tábhacht a bhaineann le súgradh sa chreat faoi láthair ach go bhfuil gá lena nuashonrú freisin. Áiríodh i measc na moltaí béim níos láidre agus tuilleadh feasachta a chruthú maidir le ról an tsúgartha, go háirithe sa bhunscoil, feasacht na dtuismitheoirí a ardú maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an súgradh ó thaobh tacú le foghlaim agus forbairt, agus ról an tsúgartha sa timpeallacht bhaile/feighlíocht páistí. Luadh inrochtaineacht agus solúbthacht *Aistear*, ach moladh go ndéanfaí é a nuashonrú ó thaobh an oideora ghairmiúla a aithint agus ó thaobh an ghá leis an téarmaíocht a bhaineann le comhionannas, inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú a nuashonrú. Luadh freisin tábhacht fholláine páistí mar ghné den chreat freisin (cé nár luadh chomh minic céanna í agus na réimsí a aithníodh níos luaithe) agus dúradh go bhfuil gá le tuilleadh forbartha air maidir le folláine shóisialta mhothúchánach, folláine ionchuimsitheach, cleachtas bunaithe ar thráma, an taobh amuigh, agus an inbhuanaitheacht a chur chun cinn.

Maidir le Prionsabail, Téamaí, agus Treoirlínte don Dea-Chleachtas *Aistear*, ba é an comhdhearcadh a bhí ann gur cheart don struchtúr fanacht mar an gcéanna. É sin ráite, moladh go láidir gur cheart an t-ionchuimsiú a leabú sna Téamaí. Admhaíodh freisin gur féidir leis na Téamaí na Prionsabail a shárú agus gur cheart go mbeadh ceangal níos fearr idir na Téamaí agus na Prionsabail sa nuashonrú. Luadh go bhfuil na Prionsabail ábhartha fós agus go bhfuil an leagan amach ina bhfuil trí ghrúpa úsáideach. É sin ráite, luadh freisin go bhfuil scóip ann do nuashonruithe, go háirithe maidir le hionchuimsiú agus leis na Prionsabail i nGrúpa 2 a bhfuil Prionsabail ar Chaidrimh; Tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail; agus Ról an duine fhásta mar chuid de. Chomh maith leis na nuashonruithe ar an gcreat, léiríonn na torthaí go bhfuil gá le treoir

bhreise maidir le cáipéisíocht, measúnú agus pleanáil, chomh maith le níos mó samplaí de rannpháirtíocht agus féinmheasúnú páistí, cáipéisí comhroinnte le tuismitheoirí, agus úsáid na teicneolaíochta digití. Maidir leis na treoirlínte, iarraidh níos mó samplaí a chur leo a léiríonn sochaí reatha na hÉireann.

Ag tógáil ar na torthaí ón anailís a gineadh bunaithe ar shonraí na bhfócasghrúpaí, léirítear i dTábla 4 achoimre ghinearálta ar na príomhréimsí a aithníodh is gá a choinneáil agus na tosaíochtaí ó thaobh gnéithe ar cheart dul i ngleic leo sa nuashonrú. Liostaítear na tosaíochtaí in ord minicíochta, is é sin, gurb iad na cinn ag an mbarr ba mhinice a aithníodh, agus gur shíl rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí a thug go leor léargais luachmhara maidir le heolas a dhéanamh do phróiseas nuashonraithe *Aistear*, mar sin, gurb iad sin is tábhachtaí.

**Tábla 4: Forléargas**

| *Tá ag éirí go maith leis* | *Le nuashonrú* | *Conas?* |
|---|---|---|
| **Páistí ó bhreith go sé bliana d'aois** | | |
| Íomhá/dearcadh i leith an pháiste a choinneáil, tábhacht an tsúgartha, dearcadh iomlánaíoch ar fhorbairt páistí, tábhacht na féiniúlachta agus an mhuintearais. | Níos mó béime ar:<br>ionchuimsiú, comhionannas agus éagsúlacht;<br>teangacha páistí;<br>peirspictíochtaí na gceart;<br>ceart agus ról an tsúgartha, go háirithe i gcás páistí ag aois na bunscoile;<br>folláine shóisialta mhothúchánach;<br>an súgradh allamuigh;<br>inbhuanaitheacht. | Teanga/téarmaíocht; samplaí breise; naisc chuig beartais; aistriú go scoil; súgradh lena n-áirítear sa bhunscoil. |
| **Tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail** | | |
| Tábhacht tuismitheoirí, teaghlach, agus pobal a choinneáil | Níos mó béime ar:<br>éagsúlacht;<br>ilchultúrthacht;<br>ionchuimsiú;<br>teangacha;<br>feasacht tuismitheoirí ar *Aistear* agus ról an tsúgartha a ardú;<br>aistrithe go dtí an scoil;<br>tábhacht na timpeallachta foghlama baile; feighlithe páistí;<br>Oidhreacht na hÉireann. | Teanga/téarmaíocht; gníomhú agus cumasú; níos mó samplaí; cumarsáid; taighde idirnáisiúnta; naisc le CBS. |

| Struchtúr agus cur i bhfeidhm | | |
|---|---|---|
| Áirítear i measc na mbuanna, na Téamaí, na Prionsabail, na Treoirlínte, na meonta, an teanga inrochtana, solúbthacht ó thaobh ról an duine fhásta agus an churaclaim de, agus cóip chrua a bheith ar fáil. | Béim níos mó ar: teanga ról an duine fhásta agus an chleachtais ghairmiúil; spriocanna foghlama; naisc idir Prionsabail agus Téamaí; níos mó samplaí, treoir maidir le measúnú agus cáipéisíocht, agus samplaí a bhaineann le breith go 3 bliana d'aois; tagairtí ETIM/TFC; inbhuanaitheacht. | Tuilleadh samplaí; forbairt ghairmiúil leantach a chur ar fáil; eolas agus feasacht d'oideoirí, scoileanna agus tuismitheoirí; ábhar idirghníomhach; naisc le ASPG agus CBS. |

## 3.2 Aighneachtaí Scríofa

### 3.2.1 Prionsabail *Aistear*

Faoi mar a luadh sa Mhodheolaíocht, rinneadh, mar gheall ar scóip na n-aighneachtaí, na sonraí maidir le Prionsabail, Téamaí agus Treoirlínte don Dea-Chleachtas a mheas astu féin ar mhaithe le soiléire an leagain amach. 35 aighneacht a cuireadh isteach ar an iomlán agus rinneadh trácht dearfach maidir leis na Prionsabail in 20 ceann acu sin (57%), agus luadh tráchtanna ar nós, 'ar an iomlán, tá an 12 phrionsabal láidir agus ábhartha fós, agus oibríonn siad go maith' (aistrithe go Gaeilge). Nuair a chuirtear na Prionsabail i láthair i dtrí ghrúpa, '…cuireann sé sin lena dtuiscint agus lena n-inrochtaineacht; tugann cur chuige páisteláraithe agus ceartabhunaithe bunús leo, faoi mar a léiríonn dearcadh an pháiste i ngach prionsabal' (aistrithe go Gaeilge). Ina theannta sin, 'bhí sé go hálainn go raibh guth an pháiste le brath agus gur léiríodh é..., tá [sé] seo an-éifeachtach agus corraitheach' (aistrithe go Gaeilge).

Maidir leis na Prionsabail, cuirtear in iúl sna haighneachtaí:

- Go bhfuil siad leathan agus uilechoiteann
- Go bhfuil siad páisteláraithe
- Go bhfuil siad cuimsitheach
- Go bhfuil siad dírithe ar 'phrionsabail an chúraim, agus ag cinntiú go mbraitheann an páiste go bhfuil aire á tabhairt dó agus go bhfuil meas á léiriú dó mar dhuine aonair agus mar bhall de chuid an phobail' (aistrithe go Gaeilge)
- Go bhfuil siad ailínithe le céimeanna forbartha páistí
- Go dtugann siad treoir shoiléir maidir leis an mbunchur chuige súgradhbhunaithe atá mar bhunús le h*Aistear*
- Go bhfuil siad ionchuimsitheach agus praiticiúil, 'agus ba chóir an ghné a bhaineann le sealbhú teanga i dteach an pháiste a mholadh'
- Go n-aithníonn siad ról an teaghlaigh agus an phobail i saol an pháiste
- Go bhfuil siad dírithe ar chaidrimh a bhunú idir páiste agus tuismitheoir/caomhnóir, idir páiste agus oideoir, idir páiste agus a phiaraí, agus idir oideoir agus tuismitheoir/caomhnóir

- Go bhfuil siad tacúil agus spreagúil i leith neamhspleáchas agus gairmiúlacht an oideora
- Go ndéanann siad aird an oideora a stiúradh i dtreo tuiscint agus taithí an pháiste ar an saol.

Grúpa 1: Tá Leanaí agus an saol le linn na Luath-Óige, 'soiléir agus tá ag éirí go maith leis' (aistrithe go Gaeilge), go háirithe na gnéithe seo a leanas: Páiste, Teaghlach agus Pobal, agus Comhionannas agus Éagsúlacht, atá 'an-ábhartha maidir le dul i ngleic leis an gclaontacht agus le steiréitíopáil' (aistrithe go Gaeilge). Luadh in aighneacht eile go bhfeidhmíonn an súgradh agus eispéiris phraiticiúla (Grúpa 2) mar 'ardán d'fhorbairt réimse scileanna agus meonta éagsúla' (aistrithe go Gaeilge). Cé gur moladh i sé aighneacht níos mó béime a leagan ar an Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe (OFI), dúradh i gceann amháin, 'is deis iontach an bhéim ar nascadh agus foghlaim faoin domhan thart timpeall orthu do pháistí eolas agus scileanna a fhorbairt maidir le haire a thabhairt don domhan agus dá chéile...' (aistrithe go Gaeilge), agus dúradh in aighneacht eile, go léiríonn na Prionsabail:

> go bhfuil páistí réidh le foghlaim faoi choincheapa ar nós na cothroime, na córa, agus an mheasa... is féidir peirspictíocht na córa domhanda a dhéanamh mar chuid den obair seo ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh na haoise de. (aistrithe go Gaeilge)

I gcomhthéacs na bunscoile, 'tá na Prionsabail...ag obair go maith agus...ailínithe' (aistrithe go Gaeilge) leis na:

- Prionsabail atá i gCuraclam na Bunscoile (DES, 1999) cheana féin
- Réimsí agus caighdeáin *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna* (ROS, 2016)
- Curaclam OSPS agus an *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais 2018 – 2023.*

**Prionsabail a Nuashonrú**


Tarraingíodh aird freisin ar an ngá leis na Prionsabail a 'nuashonrú agus a neartú' (aistrithe go Gaeilge), áfach. Cuireadh moltaí ina thaobh seo ar fáil in 74% de na haighneachtaí (n=26). Luadh imní 'go bhfuil an chuma air gur sháraigh na Téamaí tábhacht na bPrionsabal' (aistrithe go Gaeilge). Moladh, mar sin, 'tús áite a thabhairt do chroíthábhacht na bPrionsabal chomh maith leis na Téamaí' (aistrithe go Gaeilge). Ba cheart, 'go mbeidís chomh tábhachtach lena chéile, go ndéanfaí iad a nuashonrú agus go leagfaí béim níos mó orthu ionas gurbh fhéidir le hoideoirí machnamh a dhéanamh ar an tionchar a imríonn siad ar a gcleachtas i suíomhanna luathóige agus seomraí ranga naíonán bunscoile' (aistrithe go Gaeilge).

Baineann na nuashonruithe ginearálta le:

- Teanga agus téarmaíocht i ndá réimse:
  - Teanga chumasaithe do pháistí agus d'oideoirí
  - Ailíniú le tionscnaimh bheartais, m.sh., Scileanna a Chothú agus *Curaclam na Bunscoile* athfhorbartha chun 'leanúnachas a chinntiú oiread agus is féidir in Aistear agus cáipéisí eile ROS...soiléire agus tuiscint do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile' (aistrithe go Gaeilge) (Féach Fíor 1).
- Cultúr agus oidhreacht na hÉireann, maidir le
  Cultúr na hÉireann sna blianta luath-óige do gach páiste, lena n-áirítear 'eispéiris oiriúnacha a chur ar fáil do pháistí... go háirithe páistí a bhaineann le nádúr agus an timpeallacht shóisialta áitiúil, sa chaoi go dtuigeann páistí gur ball iad den phobal sin – go háirithe más é pobal na Gaeilge nó na Gaeltachta a bhíonn i gceist.

'Cabhróidh eispéiris teanga agus chultúir le páistí a bhféiniúlacht féin a fhorbairt ar bhealach torthúil', rud a thagann le Prionsabail *Aistear*, 'go háirithe na Prionsabail in 'Leanaí agus a saol le linn na luath-óige' (aistrithe go Gaeilge).

Fíor 1: Nuashonruithe molta ar theanga agus ar théarmaíocht




Is gá do na Prionsabail, na Téamaí agus na Treoirlínte don Dea-chleachtas 'aistriú i dtreo lucht saothair Oideachais agus Cúraim Luath-Óige atá á threorú ag céimithe a léiriú' (aistrithe go Gaeilge), agus

> ailíniú leis na téarmaí a úsáideann páirtithe leasmhara san earnáil, agus a bheith feasach ag an am céanna ar an bplé leanúnach atá ar siúl maidir le húsáid téarmaíocht fheiliúnach chun cur síos a dhéanamh ar fhoireann luath-óige agus a róil.

Ag díriú go sonrach ar an ionchuimsiú, moladh in aighneacht amháin an téarma 'na páistí ar fad' a úsáid sa rud ar fad, seachas, 'iad siúd a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu a úsáid chun ailíniú le cáipéisí ROS a foilsíodh le déanaí' (aistrithe go Gaeilge).

**Grúpa 1: Leanaí agus an saol le linn na luath-óige**
I measc na naoi n-aighneacht inar moladh nuashonruithe maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, moladh i sé cinn acu athainmniú ar an bPrionsabal reatha maidir le Comhionannas agus Éagsúlacht. Moladh i gceithre aighneacht é a athrú go Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú 'le teacht le bunéirim Chairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe (2016) agus na Samhla um Rochtain agus Cuimsiú (2016)' (aistrithe go Gaeilge). Moladh mar theideal eile 'Cóir agus Cothroime' in aighneacht amháin agus moladh i gceann eile 'go gcuirfí le chéile é le Leanaí ina Saoránaigh chun prionsabal uileghabhálach amháin a fhorbairt: Ionchuimsiú' (aistrithe go Gaeilge).

Luadh Aistriú go Scoil i ndeich n-aighneacht, agus lorgaíodh i gceann amháin Prionsabal nua: Aistrithe. É sin ráite, luadh i gceithre aighneacht nach ionann an bhrí a bhaintear as agus an chaoi a dtuigtear agus a n-éascaítear an súgradh mar mhodheolaíocht i suíomhanna luath-óige agus i suíomhanna bunscoile. Bíonn, 'mearbhall i scoileanna maidir le h*Aistear*. Ní ábhar é' (aistrithe go

Gaeilge). Luadh in aighneacht eile go mbíonn 'brú ar mhúinteoirí na naíonán a bhfuil *Aistear* agus an curaclam bunscoile, a bhfuil go leor ábhar i gceist leis, á n-ionramháil acu', agus lorgaíodh in aighneacht eile, 'go ndéanfaí *Aistear* a léiriú mar oideolaíocht spraíúil chun béim a leagan ar an tuiscint go bhfuil sé comhlántach...le *Curaclam na Bunscoile* agus le *Curaclam Teanga na Bunscoile*' (aistrithe go Gaeilge).

**Tábla 5: Grúpa 1 a Nuashonrú Leanaí agus an saol le linn na Luath-Óige**

| Prionsabal | Nuashonrú molta |
|---|---|
| Indibhidiúlacht an pháiste | • An chaoi a bhforbraíonn féiniúlacht agus muintearas páiste, neadaithe sa teaghlach agus sa phobal, a fhiosrú<br>• Indibhidiúlacht an pháiste a leasú go féiniúlacht an pháiste, le bunúis thrasnaithe féiniúlachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist do pháistí agus dá dteaghlaigh a léiriú<br>• Dul i ngleic le héagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch |
| Páistí ina saoránaigh | • Rannpháirtíocht ghníomhach agus tábhacht ghuth an pháiste a mhíniú. Samhail rannpháirtíochta Lundy (Lundy's participatory model) (2007) Spás, Guth, Lucht Féachana, agus Tionchar a chur san áireamh<br>• An luach a bhaineann le tacú le cumas idirbheartaíochta, díospóireachta, seanmóireachta agus comhoibrithe páiste a fhiosrú<br>• Naisc chuimsitheacha a chruthú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe<br>• É a neartú trí níos mó critéar réamhghníomhach a chur ann, m.sh., leanaí ina saoránaigh: a bheith sonrach maidir le 'duine a bhfuil cearta aige' |
| Comhionannas agus éagsúlacht | • Comhionannas agus Éagsúlacht a leasú go hÉagsúlacht, Comhionannas, agus Ionchuimsiú nó Cothroime agus Cóir, nó iad a chur le chéile mar Phrionsabal amháin: Ionchuimsiú<br>• An sainmhíniú a leathnú ionas go mbeadh comhdheiseanna á gcur ar fáil do na páistí ar fad páirt a ghlacadh sa 'tsochaí' mar chuid de seachas an rannpháirtíocht chothrom, agus chun an Éagsúlacht i suíomhanna/scoileanna a léiriú le cinntiú go mbraitheann na páistí ar fad muintearas<br>• Béim a leagan ar thábhacht an ionchuimsithe agus an chothromais |

**Grúpa 2: Na gaolta atá ag páistí le daoine eile**

Cé gur aithníodh tuismitheoirí mar 'na daoine is tábhachtaí i saol an pháiste', caithfear Prionsabail Ghrúpa 2 a 'nuashonrú chun an t-athrú a thiocfaidh ar na caidrimh a bheidh ag páistí ina saol a chur san áireamh' (aistrithe go Gaeilge) (Tábla 6).

**Tábla 6: Grúpa 2 a Nuashonrú Na Gaolta atá ag Páistí le Daoine eile**

| Prionsabal | Nuashonrú molta |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Caidrimh | • Le cur isteach:<br>    o Éagsúlacht na gcaidreamh sa saol<br>    o Coincheap oideolaíocht caidreamh mall<br>    o Caomhnóirí agus tuismitheoirí a thagann le héagsúlacht na struchtúr teaghlaigh atá sa tsochaí<br>    o Baill eile an phobail a bhfuil baint acu leis an bpáiste, m.sh., seirbhísí OT/SLT srl.<br>• Nascadh le tuismitheoirí, an teaghlach agus an pobal<br>• Le neartú:<br>    o Tuismitheoirí mar phríomhoideoirí an pháiste<br>• An tábhacht a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí cómhalartacha idir páistí agus daoine fásta ó thaobh fhorbairt an pháiste de<br>• An tábhacht a bhaineann le caidreamh oideora-tuismitheora/caomhnóra agus ionracas an chaidrimh sin a choimeád trí dhul chun cinn thréimhse an pháiste sa tseirbhís |
| Tuismitheoir, an teaghlach agus an pobal | • Le cur isteach:<br>    o Guth tuismitheoirí/caomhnóirí/pobal agus a ról i bhforbairt iomlánaíoch an pháiste<br>    o Foghlaim i gcomhthéacs agus tríd an bpobal, bithéagsúlacht agus inbhuanaitheacht a aithint<br>• Strus:<br>    o Rannpháirtíocht an pháiste sa tsochaí agus sa bhaile<br>    o An tábhacht a bhaineann le teaghlaigh éagsúla a thuiscint agus le meas a léiriú dóibh |
| Ról an duine fhásta | • Déthreoir an chaidrimh seo a shainmhíniú ar bhealach níos discréidí<br>• Ról an duine fhásta a neartú le go mbeadh idirdhealú ann do pháistí a bhfuil riachtanais/scileanna éagsúla acu<br>• Feiceálacht an oideora a mhéadú<br>• Ailíniú níos mó le prionsabail *Síolta*<br>• Béim le leagan ar:<br>    o Gairmiúlacht ról an oideora; nasc le caighdeáin ghairmiúla laistigh den earnáil<br>    o An tábhacht a bhaineann le daoine fásta cumasacha agus muiníneacha ag scafláil páistí chun barr a gcumais a bhaint amach<br>    o An tábhacht a bhaineann le hoideoir a dhéanamh machnamh criticiúil<br>    o Ról an duine fhásta i gcleachtais oideolaíochta a stiúradh agus i dtacú le/ meantóireacht a dhéanamh ar oideoirí eile<br>    o Ceart an pháiste an fhoghlaim a stiúradh |

Moladh in aighneacht amháin an Prionsabal: Tuismitheoirí, an teaghlach agus an pobal a ailíniú níos mó

leis an 'gCiste Feasa' ('Funds of Knowledge') mar bhunchloch foghlama agus 'Teoiricí feidhme' ('Working theories') páistí mar bhealach áisiúil chun aitheantas a thabhairt

> don eolas agus don tuiscint atá ann cheana féin laistigh de chur chuige oiriúnaitheach agus ar bhonn fiosraithe i leith fhorbairt curaclaim. (aistrithe go Gaeilge)

Tá ról an duine fhásta, a léirítear a bheith casta agus ilghnéitheach (Tábla 7), 'lárnach i bhfoghlaim agus forbairt iomlánaíoch an pháiste agus neartaíonn sé caidreamh an idirbhearta foghlama nuair a bhíonn duine fásta agus páiste agus foghlaim le chéile'. (aistrithe go Gaeilge) Athluadh an gá le 'tacú le tábhacht forbairt leanúnach an oideora a dhéanamh machnamh criticiúil'. (aistrithe go Gaeilge) Moladh in aighneacht amháin prionsabal maidir le 'Rannpháirtíocht agus ról idirghabhála an duine fhásta i dtacú le cearta an pháiste maidir le heispéiris rannpháirtíocha taobh istigh agus taobh amuigh in Oideachas agus Cúram Luath-óige'. (aistrithe go Gaeilge)

**Grúpa 3: An chaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn páistí**
Is fiú a lua gur luadh in aighneacht amháin, 'go bhféadfadh an timpeallacht foghlama (agus an cultúr foghlama) a bheith ina prionsabal uileghabhálach sa chuid seo agus go bhféadfadh sé a bheith níos fearr í a chur ag barr an liosta,' agus luadh in aighneacht eile go bhféadfadh Prionsabail Ghrúpa 3 'tosú le cumarsáid agus teanga mar bhunchloch do na prionsabail bhreise' (aistrithe go Gaeilge). Luadh san aighneacht seo go bhfuil gá le leanúnachas agus dul chun cinn ó thaobh na teanga agus na cumarsáide, agus moladh i gceann eile na ceithre Phrionsabal  Foghlaim agus forbairt iomlánaíoch, Foghlaim ghníomhach, Spraoi agus eispéiris phraiticiúla, agus eispéiris iomchuí shuntasacha a ghrúpáil faoin teideal: 'Súgradh agus eispéiris foghlama spreagúla a thiocfadh leis an Treoir ar Ullmhú i gComhair Teagaisc agus Foghlama agus le *Curaclam Teanga na Bunscoile*' (aistrithe go Gaeilge).

Luadh go minic measúnú i dtaca le hEispéiris Iomchuí Shuntasacha, ó thaobh theanga an mheasúnaithe, modhanna measúnaithe, agus machnamh an oideora ar a chonacthas. Maidir le feighlíocht páistí go sonrach:

> sainmhíniú a thabhairt ar an gcuma a bhíonn ar mheasúnú i suíomh feighlíochta páistí/téarma eile a mholadh. Nuair a labhraítear le feighlithe páistí go díreach, b'fhéidir go bhféadfaí leathnú a dhéanamh ar an bhfocal MEASÚNÚ nó b'fhéidir go bhféadfadh téarmaí cosúil le 'taifead' agus/nó 'cumarsáid a dhéanamh' tacú leis an téarma.

Lorgaíodh san aighneacht seo go 'n-aithneofaí ról an fheighlí páistí agus indibhidiúlacht an tsuímh in Aistear,' chomh maith le 'tábhacht leanúnachas chúram an fheighlí páistí' (aistrithe go Gaeilge). Luadh ann freisin an gá le 'catagóir measctha aoise ó bhreith go 6 bliana d'aois agus níos sine a thagann níos mó le suíomh na feighlíochta páistí' a chur san áireamh (aistrithe go Gaeilge).

**Tábla 7: Grúpa 3 a Nuashonrú. An chaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn páistí**

| Prionsabal | Nuashonrú molta |
|---|---|
| Foghlaim agus forbairt iomlánaíoch | • Béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an gcaoi a dtarlaíonn deiseanna don fhoghlaim agus don fhorbairt taobh amuigh de shuíomhanna Oideachais agus Cúraim Luath-Óige agus Seirbhísí Cúram Leanaí in Aois Scoile<br>• Tagairt a dhéanamh do chéimeanna forbartha agus an ráta ag a bhfoghlaimíonn an páiste<br>• Na réimsí foghlama, meonta srl. a liostú<br>• Próisis foghlama agus an chaoi a bhfoghlaimíonn páiste a chur isteach |

| | |
|---|---|
| Foghlaim ghníomhach | • An gá le gluaiseacht an choirp ar fad a chur isteach<br>• Le fiosrú:<br>    o Brí na foghlama gníomhaí agus éighníomhaí<br>    o Ionchur luachmhar a bhíonn ag tuismitheoirí/caomhnóirí i bhfoghlaim a bpáiste<br>• Béim a leagan ar an bhfoghlaim ghníomhach ó bhreith |
| Súgradh agus eispéiris phraiticiúla | • Le fiosrú:<br>    o Céard is súgradh ann, béim a leagan ar an súgradh saor<br>    o Súgradh atá á threorú ag páiste, atá á threorú ag duine fásta, agus meascán den dá rud<br>• Béim a leagan ar cheart an pháiste súgradh a dhéanamh<br>• Béim a leagan ar fhéidearthachtaí an tsúgartha maidir le scileanna STEAM a fhorbairt |
| Eispéiris iomchuí shuntasacha | • Cur in iúl go bhfoghlaimíonn agus go bhforbraíonn páistí trí oideolaíocht caidreamh mall |
| Cumarsáid agus teanga | • Le cur isteach:<br>    o Timpeallacht atá saibhir ó thaobh na teanga de agus comhrá dhábhealach ó bhreith<br>    o Gníomhaíochtaí chun scileanna cumarsáide a fhorbairt, m.sh., amhránaíocht, ranna do pháistí<br>• Le fiosrú:<br>    o Rannpháirtíocht thairbhiúil agus comhsmaointeoireacht leanúnach<br>    o Teicneolaíocht mar uirlis chun tacú leis an gcumarsáid |
| An timpeallacht foghlama | • Machnamh a dhéanamh ar an ngá le solúbthacht chun riachtanais foghlama aonair agus grúpa a chur in oiriúint<br>• Guth an pháiste a thabhairt isteach i bhforbairt na timpeallachta foghlama atá ag tarlú fós<br>• Prionsabail DUF a chur san áireamh<br>• Tagairt a dhéanamh d'úsáid chur chuige an taobh amuigh/na scoile foraoise<br>• Páistí a dhéanamh páirteach sna próisis chinnteoireachta sa timpeallacht foghlama |

**Prionsabail nua a moladh**

Chomh maith le Comhionannas agus Éagsúlacht a athainmniú agus prionsabail nua ar Aistrithe a thabhairt isteach, léirigh an anailís gur moladh 6 phrionsabal nua sna haighneachtaí a fuarthas (Tábla 8).

**Tábla 8: Prionsabail nua a moladh**

| Prionsabal Nua | Réasúnaíocht nó sonraí |
|---|---|
| Comhthógáil eolais agus cleachtais | • Oideoirí a chothaíonn a seasamh féin maidir lena tuairimí agus maidir lena n-imríonn tionchar orthu, a thógann ar theoiricí nua agus a cheistíonn seantuiscintí |

| | |
|---|---|
| mhachnaimh chriticiúla | |
| Folláine an pháiste | • Béim ar an aithint agus ar an gcomhrialú chun an teacht aniar a chothú |
| Idirghabháil luath agus seirbhísí tacaíochta | • Tacaíochtaí atá ar fáil trí AIM agus seirbhísí éagsúla is féidir le páistí óga (ó bhreith go sé bliana d'aois) a fháil a léiriú |
| Cur chuige bunaithe ar phríomhdhuine | • An gá le muinín idir páistí/príomhdhuine/teaghlach srl. a neartú agus a thabhairt le chéile |
| Cumasú | • Curaclam a fhorbairt i gcomhar le páistí, tuismitheoirí/teaghlaigh, múinteoirí agus an pobal, agus coincheap na 'rannpháirtíochta' a léiriú |
| Páistí ina sealbhóirí ceart | • Bainteach le rannpháirtíocht; neamhleithcheal, comhionannas agus cumasú |

### 3.2.2 Téamaí *Aistear*

Braitheadh in 21 (60%) d'aighneachtaí go bhfuil Téamaí *Aistear* 'ábhartha fós i ndiaidh an tsaoil':

> Fiú le lear mór athruithe i sochaí a bhfuil athruithe móra tagtha uirthi...léiríonn téamaí *Aistear* go fóill an fhoghlaim chomhtháite agus iomlánaíoch agus tosaíochtaí forbartha páistí in 2022 chomh maith leis na riachtanais chun seo a éascú. (aistrithe go Gaeilge)

Is cuid bhunúsach iad na Téamaí 'den chaoi a dtacaíonn muid le foghlaim agus forbairt páistí' agus tá siad i ndiaidh 'cabhrú le roinnt oideoirí béim níos sonraí a leagan ar riachtanais na bpáistí'. (aistrithe go Gaeilge) Dá réir sin, 'tá béim níos mó ar fhreastal ar riachtanais páistí agus ar indibhidiúlacht an pháiste'. (aistrithe go Gaeilge)

Seo a leanas na Téamaí sna haighneachtaí:

- A bheith bunaithe ar chaidrimh leis an bpáiste ina rannpháirtí gníomhach agus ina pháirtí cruthaitheach le daoine eile, agus ar oideoir a úsáideann cleachtais dhaonlathacha sa suíomh agus a bhfuil tacaíocht á fáil aige ó thuismitheoirí sa bhaile
- Tacú le forbairt mhothaitheach, spioradálta, fhisiciúil agus shóisialta gach páiste ar bhealach comhtháite
- Naisc faoi leith a bheith i gceist le féidearthachtaí teanga, a bhfuil téama na Cumarsáide mar chuid dóibh, ach gur féidir le téamaí eile a bheith i gceist freisin
- Páistí a spreagadh le tuiscint dhearfach a bheith acu ar cé hiad féin agus le brath go bhfuil meas orthu
- Gach leanbh a thabhairt san áireamh, tacú le rannpháirtíocht chomhionann gach páiste
- Tacú le páistí scileanna saoil a fhorbairt agus a neartú
- Ligean do shuíomhanna machnamh ar an bhfoghlaim pháisteláraithe, tacú le páistí trí eispéiris a chur in oiriúint do riachtanais aonair
- Tacú le hoideoirí maidir le bogadh ó pháistí a réiteach don scoil; an t-eolas maidir le meonta, dearcthaí, luachanna agus scileanna a chur ar fáil dóibh; tacú leo maidir le tuiscint a bheith acu ar an gcaoi/an bhfáth/cathain a phleanálann siad
- Ligean d'oideoirí an fhoghlaim atá tábhachtach do pháistí a fheiceáil.

**Na Téamaí, Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama a Nuashonrú**
Cuireadh eolas ar fáil maidir le Téamaí faoi leith a nuashonrú in 18 aighneacht (51.4%), agus rinneadh tráchtaireacht ghinearálta i 9 gcinn eile (25.7%). Moladh in aighneacht amháin

> machnamh a dhéanamh ar phrionsabail *Aistear* trí na téamaí. Breathnú ar gach ceann de na téamaí trí thrí lionsa – (1) páistí agus a saol sa luath-óige, (2) naisc páistí le daoine eile, agus (3) an chaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn páistí. (aistrithe go Gaeilge)

Luadh in aighneacht eile athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú:

> is gá an measúnú chun foghlama seachas an measúnú ar an bhfoghlaim a athchur in iúl agus a dhéanamh níos lárnaí, mar ní i gcónaí a thuigeann oideoirí ná páirtithe leasmhara eile an difríocht. (aistrithe go Gaeilge)

Chomh maith leis sin, lorgaíodh i ndá aighneacht go gcuirfí 'machnamh criticiúil' (aistrithe go Gaeilge) le gach téama.
Luadh in aighneacht eile go bhfuil castacht i gceist le 96 sprioc foghlama a bheith ann, agus dúradh, 'gur féidir an bhéim a leagan ar leibhéal an mhioneolais seachas ar luach Théamaí agus Aidhmeanna *Aistear* a léiriú' (aistrithe go Gaeilge). Má laghdaítear leibhéal an mhioneolais, 'chumasódh sé sin oideoirí le díriú níos mó ar a bhfuil ag tarlú do na páistí seachas cinneadh a dhéanamh an é go bhfuil sprioc foghlama 3 nó sprioc foghlama 6 atá á baint amach' (aistrithe go Gaeilge). Ar an mbealach céanna, moladh in aighneacht eile, gan uimhriú a chur san áireamh, 'mar baineann sé ón bpríomhtheachtaireacht atá á cur in iúl nuair a chuirtear eispéiris foghlama i láthair trína nascadh le, mar shampla, Aidhm 1, Sprioc Foghlama 3 srl.' (aistrithe go Gaeilge)

**Folláine**
Faoi mar a léirítear i dTábla 9, tá gníomhú an pháiste lárnach don Fholláine maidir le guth an pháiste, meas a bheith acu orthu féin agus ar a dtimpeallacht, aire a thabhairt don timpeallacht agus saoránacht ghníomhach. Tugtar tús áite d'fholláine shíceolaíoch, forbairt shóisialta agus mhothúchánach, teacht aniar srl. na bpáistí freisin.
Moladh in aighneacht amháin léargas a thabhairt ar 'a lárnaí is atá cultúr agus ealaíona in Oideachas agus Cúram Luath-Óige ar bhealach níos follasaí/cuimsithí' (aistrithe go Gaeilge) agus go mbeadh próifíl níos mó ar an iomlán don chruthaitheacht sna Téamaí ar fad.
Cé gur díríodh cuid mhór ar an aistriú go scoil maidir leis na Prionsabail a nuashonrú, tá ciall níos leithne i gceist leis anseo (cé nár luadh ach in aighneacht amháin é), maidir le tábhacht gach aistrithe i saol an pháiste, ar cheart an tábhacht chéanna a léiriú dóibh in *Aistear*. Rinneadh roinnt moltaí sonracha maidir le bheith níos cruinne sa téarmaíocht a úsáidtear, amhail tagairt don tábhacht a bhaineann le leanúnachas i gcaidrimh a chur isteach in ionad 'caidrimh chroíúla agus thacúla'.

**Tábla 9: Folláine a Nuashonrú**

- An sainmhíniú ar fholláine a nuashonrú chun sainmhínithe níos nuashonraithe ar an téarma seo a léiriú
- Folláine a leabú i ngach ceann de na ceithre Théama agus ní i dtéama aonair amháin
- An fócas ar an bhfolláine shíceolaíoch a neartú
- Béim a leagan ar an aireachas, folláine, agus leas

- Béim a leagan ar an nasc idir súgradh agus folláine; buntionchar an tsúgartha ar fhorbairt páistí
- Raon níos leithne straitéisí amhail aireachas, ióga, ceol, plé leis an dúlra agus an bhaint a bhíonn acu le folláine shóisialta agus mhothúchánach páistí a thabhairt isteach
- Meabhairshláinte naíonán agus páistí a chur san áireamh m.sh. caithfear tacaíocht a thabhairt chun caidrimh dhlútha a bhunú, chun mothúcháin a aithint agus a léiriú; agus chun fiosrú agus foghlaim faoin saol timpeall orthu
- Díriú ar an gcaoi le tacú le páistí ó thaobh teacht aniar agus na bunchlocha do mheabhairshláinte dhearfach don saol ar fad a fhorbairt
- Béim a leagan ar an gcaidreamh leis an timpeallacht foghlama
- Oideachas Saoránachta Domhanda a thabhairt isteach ó thaobh páistí a chumasú le meas a léiriú orthu féin agus ar a dtimpeallacht, aire a thabhairt don timpeallacht, agus a bheith ina saoránaigh ghníomhacha
- Glór páistí a thabhairt isteach níos mó m.sh. a rogha faoin méid a theastaíonn uathu a dhéanamh agus a fhoghlaim, tuairimí páistí a chloisteáil agus spás a chur ar fáil dó seo. Bíonn níos mó i gceist lena nglór ná tuairimí, a bhfuil de dhíth orthu, gaiscí, rudaí a thaitníonn leo agus nach dtaitníonn leo
- Tagairt a dhéanamh don fhoghlaim allamuigh; foghlaimíonn agus forbraíonn páistí lasmuigh agus laistigh araon
- Tagairt a dhéanamh don súgradh rioscach, m.sh. an súgradh laistigh de spás sábháilte atá faoi mhaoirseacht mhaith, atá spreagúil agus dúshlánach do pháistí
- Meas agus dearbhú a léiriú do theangacha baile mar chroíghné na folláine
- Béim a leagan ar aistrithe, leanúnachas agus forás m.sh. tábhacht gach athrú i saol páiste a aithint

**Féiniúlacht agus Muintearas**
As na 31 aighneacht a luadh gur cheart na Téamaí a nuashonrú, luadh 14 (45%) díobh Éagsúlacht, Comhionannas, agus Neamhchlaontachta i dtaca le téama na Féiniúlachta agus Muintearais. I measc na gceisteanna a ardaíodh bhí, meas a chothú, feasacht ar chultúir agus thraidisiúin mionlach eitneach, lena n-áirítear cultúr agus stair an Lucht Siúil, agus cinntiú go bhforbraíonn páistí bród maidir lena gcultúr agus cúlra. Chomh maith leis sin, léiríodh i 3 aighneacht go bhfuil gá leis an téama a nascadh leis an gCairt agus Treoirlínte Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe (DEI) (2016) nó na treoirlínte sin a leabú i ngach ceann de na ceithre Théama.

Luadh freisin cultúr na hÉireann agus an Ghaeilge Bhraith tuismitheoir amháin, a scríobh 'i mBéarla ar mhaithe le bheith iomlán soiléir', 'go bhfuil ról saibhir le himirt ag an nGaeilge' (aistrithe go Gaeilge). Agus níos mó béime á leagan ar chultúr na hÉireann, moladh in aighneacht eile gur cheart d'Fhéiniúlacht agus Muintearas:

> níos mó béime a leagan ar cheol, mar shampla, ceol traidisiúnta, Ceol na hÉireann, ceol domhanda chun tuiscint a fháil ar thuiscint an pháiste ar fhocail, rithim agus struchtúir an cheoil.

Áiríodh i measc moltaí eile ról na teicneolaíochta digití agus an tsúgartha taobh amuigh agus dúlra a aithint i ngach ceann de na Téamaí.

**Tábla 10: Féiniúlacht agus Muintearas a Nuashonrú**

- Béim le leagan ar:
  - An tábhacht a bhaineann le nasc le háit d'fhorbairt an pháiste agus an tábhacht a bhaineann lena bhfeasacht oiriúnach ó thaobh na forbartha de maidir leis an domhan taobh amuigh dá bpobal féin
  - An domhan fíorúil a mbíonn taithí ag páistí air agus an chaoi a n-imríonn sé seo tionchar ar an gcaoi a bhfeiceann siad iad féin
  - Meonta agus an chaoi le tacú le feasacht an oideora orthu seo
  - Ról an oideora maidir le tacú le páistí a gcuid feasachta meititheangeolaíche a fhorbairt
  - Úsáid teanga sa bhaile
  - An Ghaeilge a chur chun cinn mar bhealach cumarsáide
  - Aithint go bhfuil teangacha ábhartha sa téama seo (tá féiniúlacht chultúrtha agus teanga nasctha)
- Le cur isteach:
  - Naisc níos fearr le treoirlínte agus oiliúint na Cairte Éagsúlachta, Comhionannais, agus Ionchuimsithe (2016)
  - Prionsabail an chuir chuige neamhchlaontachta
  - Coincheap na hoideolaíochta caidreamh go huilíoch, go háirithe i gcomhthéacs páistí ó bhreith go trí bliana d'aois
- Ainm:
  - Ilfhéiniúlachtaí agus a dtrasnú
  - An gá le hionchais arda do na páistí ar fad, ach a chinntiú go bhfuil na spriocanna foghlama réadúil do pháistí óga (6 bliana d'aois).


Faoi mar a tharla i gcás na bPrionsabal, luadh sna haighneachtaí go bhfuil gá le nuashonrú a dhéanamh ar an teanga. Mar shampla, maidir leis an nGaeilge:

> an teanga a labhraíonn páistí sa bhaile m.sh., Béim ar an teanga a láidriú – an Ghaeilge mar fhoirm chumarsáide, agus béim ar an teanga a labhraíonn páistí sa bhaile. An Ghaeilge a chur chun cinn mar fhoirm chumarsáide.

**Cumarsáid**

Maidir le nuashonruithe féideartha maidir le téama na Cumarsáide, moladh i 3 cinn de na 17 aighneacht (17.6%) go n-athrófaí an t-ainm (fíor 2).

**Fíor 2: Athrú ainm a moladh do Théama na Cumarsáide**




Cuireann Cumarsáid agus Rannpháirtíocht 'tuiscint fhorbartha ar an tSaoránacht agus cuimsíonn sé Samhail Rannpháirtíochta Lundy (2007)', cé go n-aithníonn Cumarsáid agus Cur in Iúl 'go bhfuil ealaín, Braille, damhsa, drámaíocht, ceol, filíocht, pictiúir, dealbhóireacht, comharthaíocht láimhe, agus scéalta mar chuid den sainmhíniú ar theanga agus cumarsáid in *Aistear*' (aistrithe go Gaeilge). Ar a bharr sin, ós rud é go bhfuil 'féidearthacht teanga mar chuid de théama na Cumarsáide, ach gur féidir le téamaí eile a bheith i gceist freisin' (aistrithe go Gaeilge), ba cheart é a leabú i ngach ceann de na 4 Théama. Cosúil le Folláine, is gné láidir de na nuashonruithe a moladh i gcás théama na Cumarsáide é gníomhú an pháiste (Tábla 11).

**Tábla 11: Cumarsáid a Nuashonrú**

- Le cur isteach:
  - An tábhacht a bhaineann le páistí ag cur a gcuid riachtanas in iúl
  - An tábhacht a bhaineann le páistí ag déanamh cumarsáide trína n-iompar
  - An chaoi a spreagtar páistí le cumarsáid a dhéanamh nuair a shásaítear na riachtanais agus mianta a chuir siad in iúl
  - Samplaí de chineálacha éagsúla cumarsáide
  - Coincheap Reggio Emilio maidir le 100 teanga páistí, an iliomad bealaí atá acu le cumarsáid a dhéanamh á chur in iúl
  - Tábhacht guthanna páistí agus comhairliúchán leo
  - Foghlaim dhigiteach m.sh., teicneolaíocht a úsáid chun tacú le foghlaim agus forbairt páistí.
  - Coincheap níos láidre an chiúnais
  - Straitéisí maidir le glacadh le cumarsáid neamhbhriathartha a spíonadh amach
- Níos mó béime ar:
  - Réamhlitearthacht, á ceapadh ina haidhm iomlán in *Aistear* cosúil le teanga
  - Béarla mar theanga bhreise agus ilteangachas
  - Cruthaitheacht m.sh., baineann páistí leas as a samhlaíocht agus smaointeoireacht faoin gcaoi chun fadhbanna a réiteach.
- Tagairt a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí éagsúla, m.sh., páistí atá ag foghlaim Gaeilge mar dhara teanga, páistí atá ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise (EAL) agus páistí a bhfuil riachtanais speisialta acu

- An Ghaeilge a chur chun cinn i suíomhanna Béarla, m.sh., focail agus frásaí simplí Gaeilge a fhoghlaim tríd an súgradh

**Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht**
Luadh i 4 cinn de na 9 n-aighneacht scríofa inar moladh téama na Taiscéalaíochta agus Smaointeoireachta a nuashonrú gur cheart ETIM a thabhairt isteach. Go bunúsach, léiríodh sna haighneachtaí gur tacaíodh le ETIM súgradhbhunaithe a dhéanamh níos feiceálaí, ní i dTaiscéalaíocht agus Smaointeoireacht amháin, ach i ngach ceann de na 4 Théama.

**Tábla 12: Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht a Nuashonrú**

- An réamhrá le neartú:
  - Le córais idirghníomhacha a chur san áireamh, m.sh., an córas ceangail agus an córas iompraíocht thrialach
  - Smaointeoireacht chriticiúil m.sh. cuidiú le páistí fadhbanna nithiúla a réiteach.
  - Gníomhú páistí m.sh. is fearr a fhoghlaimíonn páistí nuair a dhéanann siad rogha faoin méid a bhíonn ar bun acu, agus a léiríonn siad spéis ann
- Le tabhairt isteach:
  - Scileanna réasúnaíochta
  - Dúlra agus an timpeallacht (inbhuanaitheacht)
  - ETIM
  - Uimhearthacht oiriúnaitheach m.sh. eispéiris foghlama lena mbaineann tomhas, patrúin nó fad
- Tagairt a dhéanamh do na buntáistí a bhíonn ann don fhoghlaimeoir nuair a dhéanann sé botúin agus an chaoi ar cheart freagairt dó seo
- Samhail shóisialta mhíchumais a chur chun cinn seachas an tsamhail leighis

**Achoimre ar na torthaí maidir le nuashonruithe a moladh ar Phrionsabail, Téamaí, Aidhmeanna agus Spriocanna Foghlama *Aistear***

- An teoiric atá mar bhonn leis a nuashonrú agus an tábhacht a bhaineann le forbairt luath inchinne a chur san áireamh
- Béim a leagan ar *Aistear* i gcur chuige ceartbhunaithe, nascadh le Samhail Rannpháirtíochta Lundy (spás, guth, lucht féachana agus tionchar) agus béim níos mó ar Ghníomhú Páistí (100 teanga páistí) mar thoradh air sin
- An téarmaíocht a nuashonrú le hailíniú leis an teanga i dtionscnaimh bheartais agus le teacht le héagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú
- Líon na spriocanna foghlama a nuashonrú agus a laghdú
- Cultúr agus Oidhreacht na hÉireann a chur isteach go soiléir agus an Ghaeilge curtha san áireamh
- Míniú níos soiléire a chur ar fáil maidir le ról an duine fhásta

- Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú a leabú go huilíoch; nascadh le Cairt agus Treoirlínte DEI
- An coincheap go dtarlaíonn an fhoghlaim i gcomhthéacs caidreamh a neartú agus aitheantas a thabhairt do nádúr cómhalartach an chaidrimh le tuismitheoirí agus le teaghlaigh
- Glacadh le coincheap na hoideolaíochta caidreamh
- Béim a leagan ar fhorbairt shóisialta agus mhothúchánach páistí
- Béim a leagan ar fhéidearthachtaí an tsúgartha maidir le scileanna ETIM (STEAM) a fhorbairt
- An teicneolaíocht a thabhairt isteach chun tacú leis an gcleachtas oideolaíochta agus chun inniúlachtaí digiteacha na bpáistí a fhorbairt
- Naisc chuimsitheacha a chruthú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (UNESCO, 2020)

### 3.2.3 Treoirlínte don Dea-Chleachtas

Go ginearálta, measadh go bhfuil na Treoirlínte don Dea-Chleachtas luachmhar agus gur acmhainn úsáideach iad is fiú a choinneáil. Léiríonn an torthaí go síltear go bhfuil na hEispéiris Foghlama luachmhar mar gheall ar na léargais atá iontu maidir le leas a bhaint as spéiseanna agus spreagadh na bpáistí. Síltear go bhfuil na Treoirlínte maidir le 'Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha' úsáideach ó thaobh tacaíocht a chur ar fáil maidir leis na cineálacha súgartha atá ann, na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith roimh roinnt páistí ó thaobh a bheith ábalta súgradh, agus ról an duine fhásta, a bhíonn de shíor ag athrú, maidir le hullmhú don súgradh. Luadh an leanúnachas idir na Treoirlínte maidir le Tacú le Foghlaim agus Forbairt trí mheán an Mheasúnaithe agus Curaclam na Bunscoile.

**Treoirlínte don Dea-Chleachtas a Nuashonrú**

Tugadh eolas maidir leis na Treoirlínte don Dea-Chleachtas a nuashonrú in 25 (71.4%) aighneacht. Bhain na réimsí ba mhinice a aithníodh sna haighneachtaí le:

1 Measúnú
2 Comhpháirtíocht le tuismitheoirí
3 Foghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha
4 Foghlaim agus forbairt trí mheán na hidirghníomhaíochta
5 Ról an oideora
6 Páistí, naíonáin, agus páistí an-óg ar fad (faoi thrí bliana d'aois).

Arís, luadh go 'ndéantar dearmad uaireanta ar an eolas sna Treoirlínte mar gheall gur gnách béim a leagan ar na Téamaí'. (aistrithe go Gaeilge)

D'ainneoin an aiseolais dhearfaigh ar na Treoirlínte reatha, rinneadh roinnt tráchtanna maidir le líon na gcáipéisí agus an phraiticiúlacht maidir lena n-úsáid ar bhonn laethúil, agus roinnt moltaí maidir le háit amháin a chruthú do shraith acmhainní. Rinneadh moltaí eile maidir leis na Treoirlínte a chur leis an Treoir Chleachtais *Aistear Síolta.* Lorgaíodh i dtrí cinn de na haighneachtaí an cúigiú sraith de threoirlínte - Ionchuimsiú, Éagsúlacht, agus Comhionannas a chuimsíonn gnéithe frithchiníochais agus frithleithcheala agus atá ailínithe leis an gcairt agus treoirlínte EDI (2016).

## 3.3 Sonraí na gceistneoirí

Rinneadh dhá cheistneoir ar líne, ceann do ghairmithe agus ceann do thuismitheoirí/caomhnóirí ag baint úsáid as Survey Hero. D'fhreagair 1906 gairmí ceist amháin nó níos mó agus chomhlánaigh 523 an ceistneoir ar fad. D'fhreagair 810 tuismitheoir/caomhnóir ceist amháin nó níos mó agus chomhlánaigh 153 an ceistneoir ar fad. Ní léiríonn na torthaí sa chuid seo ach torthaí na gceistneoirí a comhlánaíodh ina n-iomláine.


### 3.3.1 Ceisteanna aitheantais

Cuireadh sraith ceisteanna aitheantais ar na gairmithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí araon. Iarraidh ar ghairmithe a ról a chur in iúl agus bhí rogha acu níos mó ná freagra amháin a roghnú. Dúirt 50% de ghairmithe gur 'Cleachtóir Luath-óige' iad faoi láthair, dúirt 29% gur 'Bainisteoir Suímh Luath-óige' iad agus 'Múinteoirí Bunscoile' a bhí in 18% de na freagróirí.

Fíor 3 Ceistneoir na nGairmithe, Ceist 1:

**Céard é do ról?**

Líon na bhfreagraí: 523
Nóta: Roinnt freagraí ó chuid de na freagróirí céanna.





Iarraidh ar ghairmithe comhthéacs a suímh a chur in iúl agus bhí an rogha acu níos mó ná freagra amháin a phiocadh. Ba é 'Réamhscoil Sheisiúnach' an suíomh ba mhinice a roghnaíodh agus 40%

de ghairmithe a roghnaigh an ceann sin, ba é 'Suíomh cúraim lae lánaimseartha' an dara suíomh ba mhinice a roghnaíodh (33%) agus sa tríú háit bhí 'Bunscoil' (19%).

Fíor 4 Ceistneoir na nGairmithe, Ceist 2:

**Tabhair le fios comhthéacs do shuímh le do thoil.**

Líon na bhfreagraí: 523
Nóta: Roinnt freagraí ó chuid de na freagróirí céanna.





Iarraidh ar ghairmithe an t-aoisghrúpa lena n-oibríonn siad a chur in iúl agus bhí an rogha acu níos mó ná freagraí amháin a phiocadh. Chuir 66% 'Réamhscoil' in iúl agus bhí 'Naíonáin Shóisearacha' (22%) i gceist ansin, agus 'Naíonáin Shinsearacha' (21%) ina dhiaidh sin.

Fíor 5 Ceistneoir na nGairmithe, Ceist 3:

**Cén t-aoisghrúpa lena n-oibríonn tú?**

Líon na bhfreagraí: 523
Nóta: Roinnt freagraí ó chuid de na freagróirí céanna.





Iarraidh ar thuismitheoirí/caomhnóirí aois a bpáiste/a bpáistí a chur in iúl agus bhí rogha acu níos mó ná freagra amháin a roghnú. Chuir 41% in iúl go raibh a bpáistí 6+ bliana d'aois agus dúirt beagán níos mó ná 11% go raibh a bpáistí faoi 1 bhliain d'aois.

Fíor 6, Ceistneoir na dTuismitheoirí, Ceist 1:

**Cén aois(eanna) iad do pháistí?**

Líon na bhfreagraí: 153
Nóta: Roinnt freagraí ó chuid de na freagróirí céanna.





I gcás na ceiste inar fiafraíodh de na tuismitheoirí/caomhnóirí ar fhreastail a bpáiste/bpáistí ar shuíomh taobh amuigh den bhaile, roghnaigh 54% 'Bunscoil', roghnaigh 50% 'Réamhscoil', agus roghnaigh 16% 'Suíomh Cúraim Lae Pháirtaimseartha'. Bhí rogha ag na tuismitheoirí/caomhnóirí a raibh níos mó ná páiste amháin acu gach rogha a bhí ábhartha a phiocadh.

Fíor 7, Ceistneoir na dTuismitheoirí, Ceist 2:

**Sonraigh le do thoil an mbíonn do pháiste/pháistí ag freastal ar shuíomh lasmuigh den teach?**

Líon na bhfreagraí: 153
Nóta: Roinnt freagraí ó chuid de na freagróirí céanna.





Fiafraíodh de thuismitheoirí/caomhnóirí an raibh a fhios acu go bhfuil *Aistear* in ainm tacú le tuismitheoirí mar phríomhoideoirí a bpáistí le linn na luath-óige (Breith- 6 bliana) chomh maith le húsáid i suíomhanna luath-óige?; D'fhreagair 68% de thuismitheoirí go raibh a fhios acu agus dúirt 32% de thuismitheoirí/caomhnóirí nach raibh a fhios acu.

Fíor 8, Ceistneoir na dTuismitheoirí, Ceist 3

**An bhfuil a fhios agat go bhfuil *Aistear* ceaptha tacú le tuismitheoirí mar phríomhoideoirí a bpáistí le linn na luath-óige (Breith- 6 bliana) chomh maith le húsáid i suíomhanna luath-óige?**

Líon na bhfreagraí: 153




## 3.3.2 Prionsabail *Aistear*


Iarraidh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar Phrionsabail *Aistear* agus iarraidh orthu cé chomh mór is a aontódh/a easaontódh siad le hábharthacht gach Prionsabail ceann ar cheann.

Ar an iomlán, bhí freagraí na ngairmithe dearfach ó thaobh gach ceann de Phrionsabail *Aistear*. Bhain na freagraí ba dhearfaí le 'Caidrimh' agus 'Súgradh agus Eispéiris Phraiticiúla'; d'aontaigh/d'aontaigh go láidir 95% de ghairmithe go bhfuil na Prionsabail seo ábhartha. Ba iad na freagraí ba dhearfaí ina dhiaidh sin, 'Cumarsáid agus Teanga', agus 'An Timpeallacht Foghlama' agus d'aontaigh/d'aontaigh go láidir 94.5% de ghairmithe go bhfuil siad ábhartha. Bhí níos lú aontaithe maidir le hábharthacht 'Comhionannas agus Éagsúlacht' agus 'Páistí ina Saoránaigh'; roghnaigh 7% 'easaontaím' nó 'easaontaím go láidir'.

Fíor 9, Ceistneoir na nGairmithe, Ceist 4

**Cé chomh hábhartha agus atá an t-inneachar i ngach 'Prionsabal' *Aistear* i do thuairim féin?**

Líon na bhfreagraí: 523





Bhí freagraí na dtuismitheoirí/caomhnóirí dearfach freisin; d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir os cionn 90% go bhfuil an t-inneachar i bPrionsabail *Aistear* ábhartha. Bhain na freagraí ba dhearfaí le 'hIndibhidiúlacht an Pháiste', 'Tuismitheoirí, Teaghlach, agus Pobal' agus 'Ról an Duine Fhásta' agus d'aontaigh/d'aontaigh go láidir 97% de thuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil siad ábhartha. Is fiú a lua nach raibh na tuismitheoirí/caomhnóirí, cosúil leis na gairmithe, chomh cinnte céanna maidir le hábharthacht 'Comhionannas agus Éagsúlacht'; roghnaigh 4% 'nílim cinnte' agus d'easaontaigh/d'easaontaigh go láidir 4% eile. Roghnaigh an líon ab airde tuismitheoirí/caomhnóirí 'easaontaím'/'easaontaím go láidir' i gcás 'Páistí ina Saoránaigh' (6%).

Fíor 10, Ceistneoir na dTuismitheoirí, Ceist 4:

**Cé chomh hábhartha agus atá an t-inneachar i ngach 'Prionsabal' *Aistear* i do thuairim féin?**

Líon na bhfreagraí: 153




Iarraidh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar Phrionsabail bhreise fhéideartha agus iad a rangú de réir ord tosaíochta ó 1 – 6. Baineadh úsáid as a gcuid freagraí chun an chairt thíos a chruthú a léiríonn roghanna na ngairmithe agus na dtuismitheoirí/caomhnóirí mar rangú na gcéatadán iomlán.


Léiríonn na freagraí go mbeadh an tacaíocht ba mhó ag prionsabal maidir le 'Cothroime' dá gcuirfí le Prionsabail *Aistear*. De réir scór iomlán an rangaithe, seo an prionsabal a fuair an méid ba mhó tacaíochta ó ghairmithe agus ó thuismitheoirí/caomhnóirí araon. Is díol suntais é, agus muid ag breathnú ar an rangú, gur thug líon suntasach rannpháirtithe tús áite do 'Chothromas' agus gurbh é sin an a gcéad rogha; 37% de ghairmithe agus 29% de thuismitheoirí/caomhnóirí. Ó pheirspictíocht an tuismitheora/caomhnóra, roinn 'an Fhoghlaim Allamuigh' an chéad áit sa rangú

iomlán agus 24% i ndiaidh é a chur mar chéad rogha. Bhí níos lú spéise i measc tuismitheoirí/caomhnóirí i mbéim ar an 'gCleachtas Gairmiúil'. I gcás na ngairmithe, tuairiscíodh níos lú spéise i bprionsabal breise maidir le 'hAistrithe, leanúnachas agus dul chun cinn'.

Fíor 11 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 5:

**Dá mbeifí chun cur leis na Prionsabail, beartaigh tosaíocht do na breiseáin seo a leanas trína rangú idir 1-6 in ord tábhachta, áit arb é 1 an ceann is tábhachtaí:**

Líon na bhfreagraí ó ghairmithe: 523
Líon na bhfreagraí ó thuismitheoirí: 153





### 3.3.3 Téamaí *Aistear*: Folláine

Tugadh cuireadh do rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar gach ceann de cheithre Théama *Aistear*.

Bhí formhór na bhfreagraí maidir le hinneachar 'Folláine' dearfach; d'aontaigh go láidir/d'aontaigh 91% de ghairmithe agus 95% de thuismitheoirí/caomhnóirí go mbaineann ábharthacht le hinneachar na nAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don 'Fholláine'.

Fíor 12 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 6:

**Cé chomh mór is a aontaíonn / easaontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: Baineann ábharthacht le hinneachar na nAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don 'Fholláine'**





Iarraidh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar bhreiseáin fhéideartha a fhéadfaidh a chur le téama na 'Folláine' agus iad a rangú de réir ord tosaíochta. Baineadh úsáid as a gcuid freagraí chun an chairt thíos a chruthú a léiríonn roghanna na ngairmithe agus na dtuismitheoirí/caomhnóirí mar rangú na gcéatadán iomlán.

Léiríonn na torthaí dá gcuirfí le téama na Folláine, gur thug gairmithe an tacaíocht do bhéim ar 'Ghuthanna Páistí a chur san Áireamh' (rangaigh 44% sa chéad áit é seo) agus gur thug tuismitheoirí/caomhnóirí an méid ba mhó tacaíochta do bhéim bhreise ar 'Mheabhairshláinte Naíonán agus Páistí' (rangaigh 39% sa chéad áit é seo). Bhí níos lú tacaíochta i measc gairmithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le béim ar 'Aistrithe, leanúnachas agus dul chun cinn'.

Fíor 13 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 7:

**Dá mbeifí chun cur le téama na 'Folláine', beartaigh tosaíocht do na breiseáin seo a leanas trína rangú ó 1-6 in ord tábhachta, áit arb é 1 an ceann is tábhachtaí:**

Líon na bhfreagraí ó ghairmithe: 523
Líon na bhfreagraí ó thuismitheoirí: 153





### 3.3.4 Téamaí *Aistear*: Féiniúlacht agus Muintearas

Iarraidh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar cé chomh mór is a aontódh/ a easaontódh siad go mbaineann ábharthacht le hinneachar na nAidhmeanna agus Spriocanna foghlama don Fhéiniúlacht agus Muintearas. Bhí freagraí na ngairmithe agus na dtuismitheoirí/caomhnóirí dearfach ar an iomlán agus d'aontaigh/d'aontaigh go láidir formhór mór; 92% agus 93% faoi seach.

Fíor 14 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 8:

**Cé chomh mór is a aontaíonn / easaontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: Baineann ábharthacht le hinneachar na nAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama don "Fhéiniúlacht agus Muintearas"**





Iarraidh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar bhreiseáin fhéideartha a fhéadfaidh a chur le téama na 'Féiniúlachta agus an Mhuintearais' agus iad a rangú de réir ord tosaíochta. Baineadh úsáid as a gcuid freagraí chun an chairt thíos a chruthú a léiríonn roghanna na ngairmithe agus na dtuismitheoirí/caomhnóirí mar rangú na gcéatadán iomlán.

D'aontaigh na gairmithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí go dtabharfaidís tosaíocht do bhéim ar 'Chearta Páistí' dá mbeifí chun cur le Téama na Féiniúlachta agus an Mhuintearais. Is díol suntais é gur rangaigh 55% de ghairmithe agus 46% de thuismitheoirí/caomhnóirí sa chéad áit é seo. Rangaigh gairmithe sa dara háit 'Feasacht chultúrtha/Cleachtas ionchuimsitheach' agus 'Comhpháirtíocht le tuismitheoirí'. Rangaigh tuismitheoirí/caomhnóirí sa dara háit 'Comhpháirtíocht le tuismitheoirí', agus 'Feasacht chultúrtha/Cleachtas ionchuimsitheach' ina dhiaidh. I gcás na ngairmithe, thug siad níos lú tacaíochta do bhéim bhreise ar 'Nascadh leis an bPobal,' agus i measc na dtuismitheoirí/caomhnóirí, bhí níos lú spéise i mbéim ar 'Éagsúlacht Teanga'.

Fíor 15 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 9:

**Dá mbeifí chun cur le téama 'na Féiniúlachta agus Muintearais', beartaigh tosaíocht do na breiseáin seo a leanas trína rangú ó 1-6 in ord tábhachta, áit arb é 1 an ceann is tábhachtaí:**

Líon na bhfreagraí ó ghairmithe: 523
Líon na bhfreagraí ó thuismitheoirí: 153






## 3.3.5 Téamaí *Aistear*: Cumarsáid

Bhí na freagraí maidir le hinneachar na 'nAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama' dearfach; d'aontaigh go láidir/d'aontaigh 93% de ghairmithe agus 95% de thuismitheoirí/caomhnóirí.

Fíor 16 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 10:

**Cé chomh mór is a aontaíonn / easaontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: Baineann ábharthacht le hinneachar na nAidhmeanna agus Spriocanna foghlama don "Chumarsáid".**




Iarraidh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar bhreiseáin fhéideartha a fhéadfaidh a chur le téama na 'Cumarsáide' agus iad a rangú de réir ord tosaíochta. Baineadh úsáid as a gcuid freagraí chun an chairt thíos a chruthú a léiríonn roghanna na ngairmithe agus na dtuismitheoirí/caomhnóirí mar rangú na gcéatadán iomlán.


Dá gcuirfí le téama na Cumarsáide, thug gairmithe an méid ba mhó tacaíochta do bhéim ar 'Guthanna Páistí a chur san Áireamh' agus roghnaigh 42% de ghairmithe mar thosaíocht é seo. Ina dhiaidh sin bhí 'Cruthaitheacht' agus 'Litearthacht agus teanga oiriúnaitheach'. I gcás tuismitheoirí/caomhnóirí, ba é 'Cruthaitheacht' an chéad tosaíocht agus rangaigh 45% de fhreagróirí sa chéad áit é. Rangaigh siad 'Teanga agus litearthacht oiriúnaitheach' agus 'Guthanna páistí a chur san áireamh' sa dara háit. Spéisiúil go leor, rangaigh na gairmithe agus na tuismitheoirí/caomhnóirí araon sa séú háit 'an Fhoghlaim Dhigiteach'.

Fíor 17 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 11:

**Dá mbeifí chun cur le téama 'na Cumarsáide' beartaigh tosaíocht do na breiseáin seo a leanas trína rangú ó 1-6 in ord tábhachta, áit arb é 1 an ceann is tábhachtaí:**

Líon na bhfreagraí ó ghairmithe: 523
Líon na bhfreagraí ó thuismitheoirí: 153

Rangú céatadánach foriomlán:





## 3.3.6 Téamaí *Aistear* Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Tugadh cuireadh do rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar cé chomh mór is a aontódh/ a easaontódh siad go mbaineann ábharthacht le hinneachar na nAidhmeanna agus Spriocanna foghlama don Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht. D'aontaigh formhór mór; d'aontaigh/d'aontaigh go láidir 93% de ghairmithe agus 95% de thuismitheoirí.

Fíor 18 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 12:

**Cé chomh mór is a aontaíonn / easaontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: Baineann ábharthacht le hinneachar na nAidhmeanna agus Spriocanna foghlama don 'Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht'**





Iarraidh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar bhreiseáin fhéideartha a fhéadfaidh a chur le téama na 'Taiscéalaíochta agus Smaointeoireachta' agus iad a rangú de réir ord tosaíochta. Baineadh úsáid as a gcuid freagraí chun an chairt thíos a chruthú a léiríonn roghanna na ngairmithe agus na dtuismitheoirí/caomhnóirí mar rangú na gcéatadán iomlán.

Dá gcuirfí le téama na Taiscéalaíochta agus Smaointeoireachta, thug gairmithe an méid ba mhó tacaíochta do bhéim ar 'Ghníomhú an Pháiste' agus rangaigh 51% mar thosaíocht é seo. Ina dhiaidh sin bhí 'Smaointeoireacht chriticiúil' agus 'Glacadh rioscaí'. Rangaigh tuismitheoirí/caomhnóirí sa chéad áit 'Smaointeoireacht chriticiúil' agus ba é céad tosaíocht 29% de fhreagróirí é. Ina dhiaidh sin, léiríodh an méid ba mhó spéise i mbéim ar 'Ghníomhú páistí' agus tháinig 'Glacadh rioscaí' agus 'ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Mata) sa tríú háit. Spéisiúil go leor, rangaigh na gairmithe agus na tuismitheoirí/caomhnóirí araon sa séú háit 'an Uimhearthacht Oiriúnaitheach'.

Fíor 19 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 13:

**Dá mbeifí chun cur le téama 'na Taiscéalaíochta agus Smaointeoireachta', beartaigh tosaíocht do na breiseáin seo a leanas trína rangú ó 1-6 in ord tábhachta, áit arb é 1 an ceann is tábhachtaí:**

Líon na bhfreagraí ó ghairmithe: 523
Líon na bhfreagraí ó thuismitheoirí: 153





### 3.3.7 Treoirlínte don Dea-Chleachtas


Iarraidh ar ghairmithe agus ar thuismitheoirí/caomhnóirí a gcuid tuairimí a thabhairt ar cheithre shraith Treoirlínte Dea-Chleachtais *Aistear*; Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí, Idirghníomhaíochtaí, Súgradh agus Measúnú ina ndéantar cur síos ar an gcaoi ar féidir leis an duine fásta tacú le foghlaim agus forbairt na bpáistí ar fud Phrionsabail agus Théamaí *Aistear*.

Is iad na tuismitheoirí na daoine is tábhachtaí i saol an pháiste agus tá sé riachtanach go mbeadh cumarsáid idir tuismitheoirí agus oideoir luath-óige an pháiste ar mhaithe le foghlaim agus forbairt an pháiste. D'aontaigh gairmithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí go mbaineann ábharthacht le hinneachar 'Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí'; roghnaigh 92% de ghairmithe agus 93% de thuismitheoirí/caomhnóirí 'aontaím go láidir' nó 'aontaím'.

Fíor 20 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 14:

**Cé chomh mór is a aontaíonn / easaontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: Baineann ábharthacht le hinneachar 'Comhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú idir Tuismitheoirí agus Cleachtóirí'**





Bíonn tionchar ag caidreamh páistí le daoine fásta, le páistí eile agus lena dtimpeallacht foghlama ar a gcuid foghlama agus forbartha. Nuair a iarraidh orthu machnamh a dhéanamh ar inneachar 'Fhoghlaim agus Forbairt trí Idirghníomhaíochtaí, bhí gairmithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí dearfach den chuid is mó; d'aontaigh/d'aontaigh go láidir 95% de ghairmithe agus 96% de thuismitheoirí go bhfuil an t-inneachar ábhartha.

Fíor 21 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 15:


**Cé chomh mór is a aontaíonn / easaontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: Baineann ábharthacht le hinneachar 'Fhoghlaim agus Forbairt trí mheán Idirghníomhaíochtaí'**




Bhí gairmithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí dearfach freisin maidir leis an 'bhFoghlaim agus forbairt trí mheán an tsúgartha' a ndéanann cur síos ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí nuair a bhíonn go leor ama agus spáis acu le bheith ag súgradh, agus trí roghanna a dhéanamh faoi na cluichí a bheidh ar siúl acu, an chaoi a mbeidh siad ag súgradh agus cé leis a mbeidh siad ag súgradh; d'aontaigh nó d'aontaigh go láidir 94% de ghairmithe agus 93% de thuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil an t-inneachar seo ábhartha.

Fíor 22 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 16:


**Cé chomh mór is a aontaíonn / easaontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: Baineann ábharthacht le hinneachar 'Fhoghlaim agus Forbairt trí mheán an tSúgartha'**




Déantar cur síos i 'bhFoghlaim agus Forbairt tríd an Measúnú' ar an gcaoi a mbreathnaíonn na cleachtóirí ar na páistí agus iad i mbun súgartha, cumarsáide agus taiscéalaíochta agus ansin déanann siad plean chun tacú leis na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim agus san fhorbairt. Ní raibh na rannpháirtithe chomh cinnte céanna go mbaineann ábharthacht le hinneachar 'Fhoghlaim agus Forbairt tríd an Measúnú'. Cé gur aontaigh go láidir/aontaigh 91% de thuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil an t-inneachar ábhartha, d'easaontaigh go láidir/d'easaontaigh 18% de ghairmithe agus dúirt 2% nach raibh siad cinnte.

Fíor 23 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 17:

**Cé chomh mór is a aontaíonn / easaontaíonn tú leis an ráiteas seo a leanas: Baineann ábhartacht le hinneachar 'Fhoghlaim agus Forbairt tríd an Measúnú'**




Iarraidh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar bhreiseáin fhéideartha a fhéadfaidh a chur leis na 'Treoirlínte don Dea-Chleachtas' agus iad a rangú de réir ord tosaíochta. Baineadh úsáid as a gcuid freagraí chun an chairt thíos a chruthú a léiríonn roghanna na ngairmithe agus na dtuismitheoirí/caomhnóirí mar rangú na gcéatadán iomlán.


Is díol spéise é, dá gcuirfí leis na 'Treoirlínte don Dea-Chleachtas', gur thug gairmithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí an méid ba mhó tacaíochta do Threoirlínte breise maidir le 'Curaclam Oiriúnaitheach' agus 'an Foghlaim ar Bhonn Fiosraithe'; ba iad seo na príomhthosaíochtaí de réir rangú na ngairmithe agus na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí araon. Bhí níos mó spéise ag gairmithe i dTreoirlíne bhreise maidir le 'Curaclam Oiriúnaitheach', agus roghnaigh 45% de ghairmithe an rogha seo mar thosaíocht. Thabharfadh tuismitheoirí/caomhnóirí tús áite don 'Fhoghlaim ar bhonn Fiosraithe' agus rangaigh 27% dóibh sa chéad áit é. Bhí níos lú spéise i dtreoirlíne bhreise maidir le 'Pleanáil agus Measúnú'; rangaigh 36% de ghairmithe agus 31% de thuismitheoirí/caomhnóirí sa séú háit an ceann seo.

Fíor 24 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 18:

**Dá mbeifí chun cur leis na 'Treoirlínte le haghaidh Dea-Chleachtais', beartaigh tosaíocht do na breiseáin seo a leanas trína rangú ó 1-6 in ord tábhachta, áit arb é 1 an ceann is tábhachtaí.**

Líon na bhfreagraí ó ghairmithe: 523
Líon na bhfreagraí ó thuismitheoirí: 153

**Rangú céatadánach foriomlán:**




Iarraidh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar thacaíochtaí breise do rannpháirtíocht le Prionsabail agus Téamaí *Aistear* agus iarraidh orthu a chur in iúl cé na tacaíochtaí ab áisiúla, trína rangú ó 1-5 de réir ord tosaíochta. Baineadh úsáid as a gcuid freagraí chun an chairt thíos a chruthú a léiríonn roghanna na ngairmithe agus na dtuismitheoirí/caomhnóirí mar rangú na gcéatadán iomlán.

Sa rangú iomlán, roghnaigh gairmithe agus tuismitheoirí/caomhnóirí araon 'Samplaí de Pháistí ag Foghlaim' i gcomhthéacs na tacaíochta is úsáidí agus rangaíodh 'treoirlínte PDF cosúil leis na cinn a chuirtear ar fáil faoi láthair' ar an gceann is lú úsáid. Sna ranguithe aonair, dúirt 36% de ghairmithe gurb é 'Samplaí de pháistí ag foghlaim' an tacaíocht is áisiúla agus rangaigh 37% de ghairmithe sa chúigiú háit 'treoirlínte PDF cosúil leis na cinn a chuirtear ar fáil faoi láthair'. Shíl 41% de thuismitheoirí/caomhnóirí gurb é 'Samplaí de pháistí ag foghlaim' an tacaíocht is áisiúla


agus rangaigh 43% dóibh sa chúigiú háit 'treoirlínte PDF cosúil leis na cinn a chuirtear ar fáil faoi láthair'.

Fíor 25 Freagraí Cheistneoir na nGairmithe agus Cheistneoir na dTuismitheoirí ar Cheist 19:

**Dá mbeifí chun cur le tacaíochtaí do rannpháirtíocht le tuismitheoirí/ tacaíochtaí do thuismitheoirí maidir le Prionsabail agus Téamaí *Aistear*, tabhair le fios na tacaíochtaí ab áisiúla trína rangú ó 1-5 in ord tábhachta, áit arb é 1 an ceann is tábhachtaí.**

Líon na bhfreagraí ó ghairmithe: 523
Líon na bhfreagraí ó thuismitheoirí: 153

Rangú céatadánach foriomlán:




Tugadh rogha do na tuismitheoirí/caomhnóirí trácht deireanach a fhágáil agus rinne 39 tuismitheoirí/caomhnóirí trácht a fhágáil. Moladh *Aistear* as dea-thionchar a imirt ar eispéireas luath-óige páistí, dúirt rannpháirtí amháin, mar shampla, go 'bhfeiceann [siad] i ndáiríre dea-thionchar *Aistear* ar fhoghlaim agus sonas ár bpáistí' (aistrithe go Gaeilge.) Fáiltíodh go háirithe le béim *Aistear* ar chuir chuige spraíúla, agus dúirt rannpháirtí amháin go bhfuil an fhoghlaim spraíúil 'cumhachtach' (aistrithe go Gaeilge). Rinne roinnt tuismitheoirí/caomhnóirí trácht ar thábhacht dul chun cinn soiléir go dtí an bhunscoil. Bhí roinnt imní a bhain le leanúnachas maidir le cur chuige/tuiscint ar *Aistear*, go háirithe i mbunscoileanna. Bhí roinnt nod ann go bhfuil níos mó béime ar chuir chuige spraíúla sna bunscoileanna á lorg ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus chuir cuid acu in iúl gur mhaith leo go mbeadh cuir chuige spraíúla in úsáid i ndiaidh ranganna na naíonán. Leag roinnt tuismitheoirí/caomhnóirí béim ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna don fhoghlaim allamuigh agus lorg siad níos mó béime ar an súgradh allamuigh. Dúirt rannpháirtí amháin, 'Tá an súgradh taobh amuigh an-tábhachtach d'fhorbairt an pháiste agus don

mheabhairshláinte araon' (aistrithe go Gaeilge). Leag roinnt freagraí béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcumarsáid le tuismitheoirí agus mheas roinnt rannpháirtithe gur cheart don chumarsáid le tuismitheoirí a bheith níos fearr chun 'iad a chumasú mar phríomhoideoirí a bpáistí' (aistrithe go Gaeilge). Luaigh daoine eile gur cheart aitheantas a thabhairt do theaghlaigh shínte. Lorg roinnt freagróirí cur chuige níos ionchuimsithí a thacaíonn le riachtanais agus foghlaim na bpáistí ar fad, lena n-áirítear páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus a aithníonn agus a cheiliúrann éagsúlacht teanga agus chultúrtha.

# Cuid 4: Achoimre Fheidhmeach ar chomhairliúchán le babaithe, naíonáin agus páistí beaga

## 4.1 Réamhrá

Ba é aidhm an taighde seo comhairliúchán cuí le babaithe, naíonáin, agus páistí óga a dhearadh agus a chur i bhfeidhm maidir leis na rudaí a bhfuil ag éirí go maith leo in Aistear de réir mar a bhíonn taithí acu air agus an chaoi a bhféadfaí é a nuashonrú. Is ceannaire domhanda é CNCM i dtaca leis seo, mar cé go bhféadfadh sé go ndéanann údaráis eile comhairliúchán le páistí agus athrú curaclaim i gceist, go bhfios dúinn, is annamh a thugtar faoi mhórchomhairliúchán leis na páistí is óige ó bhreith. San achoimre fheidhmeach seo tá léargas achomair ar mhodheolaíocht, ceisteanna eitice, sampla, agus príomhthorthaí an chomhairliúcháin seo.

## 4.2 Modheolaíocht

Tá an cáineadh nach mbíonn i bpróisis chomhairliúcháin ach cur i gcéill ag méadú de réir a chéile (Lundy agus McEvoy, 2012), go háirithe agus plé á dhéanamh leis na páistí is óige (Wall et al., 2019). Tacaíonn comhoibriú le hoideoirí atá ag obair agus a bhfuil aithne mhaith acu ar pháistí, agus lena mbraitheann páistí compordach, tacaíonn sé le taighde ina mbraitheann babaithe, naíonáin, agus páistí óga compordach a gcuid tuairimí a léiriú. Trí aithne a bheith acu ar na páistí, is féidir le hoideoirí na bealaí ina ndéanann siad cumarsáid (bealaí a bhíonn caolchúiseach agus neamhbhriathartha go hiondúil) a shainaithint. Mar sin, baineadh úsáid as cur chuige Taighde Gníomhaíochta Rannpháirtithe (PAR) sa taighde seo (Chevalier agus Buckles, 2013; O'Toole, 2020) agus bhí oideoirí luathóige ina 'gcomhthaighdeoirí'. Rinneadh ról na gcomhthaighdeoirí, ar oideoirí iad, a choincheapú mar ateangairí 'céad teanga na bpáistí' (Malaguzzi, 1996); bhí sé tábhachtach gur bhraith siad féin agus gur bhraith na taighdeoirí gur *ateangairí iad ar ghuthanna na bpáistí* seachas faisnéiseoirí díreacha le cinntiú gur leagadh an bhéim i gcónaí ar thuairimí na bpáistí, seachas ar eispéiris na ndaoine fásta.


Bhí cur chuige measctha i gceist sa chomhairliúchán (Clark agus Moss, 2008) agus bhí sraith uirlisí modheolaíochta i gceist leis sin, a tharraing ar na cuir chuige i leith na cáipéisíochta oideolaíochta ar bhain oideoirí úsáid aisti. Áirítear leo sin:

- Breathnuithe agus scéalta foghlama
- Grianghrafadóireacht (na ndaoine fásta agus na bpáistí)
- Físeán
- Líníochtaí páistí
- Modhanna eile bunaithe ar na healaíona (m.sh. puipéid, rólimirt)
- Comhdháil páistí

## 4.3 Ceisteanna eitice

De réir ár n-eitice, tá cumas gníomhaithe ag babaithe, naíonáin, agus páistí óga agus is féidir leor iad féin a chur in iúl, agus ag an am céanna, cuireadh san áireamh san eitic éagothroime cumhachta a bhíonn i gceist. Bhí samhail Lundy (2007) maidir le rannpháirtíocht páistí mar bhonn leis an

gcomhairliúchán, samhail a dhéanann coincheapú ar cheart an pháiste a bheith rannpháirteach ag baint úsáid as coincheapa 'an spáis', 'an ghutha', 'an lucht féachana', agus 'an tionchair'.




Fíor 1: Samhail Lundy maidir le Rannpháirtíocht Páistí (2007)

Ciallaíonn 'spás' go gcuirtear deiseanna ionchuimsitheacha ar fáil do pháistí a gcuid tuairimí a léiriú. Treisíodh na caidrimh a bhí acu cheana féin le hoideoirí seachas taighdeoirí a 'sheoladh isteach gan choinne', taighdeoirí a bheadh ina strainséirí do na páistí, agus ar an gcaoi sin, cuireadh sábháilteacht agus spás ar fáil don léiriú. Ciallaíonn 'guth' go n-éascaítear páistí lena gcuid tuairimí a léiriú, agus baineadh seo amach trí úsáid a bhaint as uirlisí modheolaíochta cruthaitheacha, agus as an gcaoi ar féidir le hoideoirí luathóige a bhfuil aithne mhaith acu ar pháistí leideanna beaga nach dtabharfadh taighdeoirí seachtracha faoi deara a shainaithint. Ciallaíonn 'lucht féachana' go n-éistear le tuairimí na bpáistí, agus ciallaíonn 'tionchar' go ngníomhaítear dá réir. Is é CNCM, a thugann cluas éisteachta do thuairimí babaithe, naíonáin agus páistí óga trí phlé le tuairisciú an chomhairliúcháin, agus atá ag gníomhú dá réir ach cinntiú go n-imríonn na tuairimí seo tionchar ar nuashonrú Aistear, a chuireann na coincheapa seo ar fáil.

Lorg muid cur chuige caidrimh i leith na n-eitice (Arnott et al., 2020) inar socraíodh cead ar bhonn leanúnach trí chur in oiriúint, meas, agus freagrúlacht a léiriú i leith bealaí cumarsáide babaithe, naíonán, agus páistí óga, bealaí a bhíonn uathúil agus caolchúiseach de ghnáth (Skånfors, 2009) ar mhaithe le cur le próisis fhoirmiúla eitice. Rinneadh an-chúram ar fad de cheist 'amharc an duine fhásta', a thagraíonn don ghá atá le brí a bhaint as sonraí loma ó na suíomhanna trí lionsa an duine fhásta. Dhírigh ról na solúbthachta go láidir ar an lionsa a úsáidimid chun brí a bhaint as guthanna páistí, an lionsa seo a shainaithint agus aitheantas a thabhairt dó, agus cuirtear bonn eolais mionsonraithe atá bunaithe ar theoiric faoin straitéis maidir le hanailís sonraí ar fáil sa tuarascáil iomlán. Go tábhachtach, níor cuireadh le chéile an próiseas a bhain le hanailís a dhéanamh ar na sonraí chun a raibh á insint ag páistí dúinn maidir lena heispéiris le hAistear (an comhairliúchán) a shainaithint agus an próiseas a bhain le plé le sonraí gráinneacha na nAidhmeanna, Spriocanna foghlama srl., chun na hathruithe ar Aistear a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach bunaithe ar an méid a dúirt siad linn a scagadh (forbairt dréachtchuraclaim). Chinntigh sé seo, chomh mór agus ab fhéidir, nár cheilt spriocanna daoine fásta guthanna babaithe, naíonán, agus páistí óga (CNCM, le foilsiú).

## 4.4 Sampla

Cé gur gnách go mbíonn sampla mór a mbaineann líon mór rannpháirtithe leis i gceist le taighde ina n-úsáidtear modheolaíochtaí cainníochtúla amhail suirbhéanna, bheadh modheolaíochtaí den chineál sin an-mhí-oiriúnach ar fad chun rochtain a fháil ar ghuthanna babaithe, naíonán, agus páistí

óga. Ina ionad sin, de ghnáth braitheann sonraí mionsonraithe, luachmhara, cáilíochtúla ar shamplaí i bhfad níos lú, agus díríonn siad ar dhoimhne seachas líon, agus baineann siad úsáid as roinnt foinsí sonraí don triantánú chun cruinneas a chinntiú (Mukherhi agus Albon, 2018).

Bhí cur chuige cás-staidéir i gceist sa chomhairliúchán, agus roghnaíodh sampla a raibh cuspóir leis de réir na gcritéar seo a leanas:

- Suíomhanna ina raibh oideoir a raibh an saineolas aige/aici tabhairt faoi ról ardsciliúil 'ateangaire céad teanga páistí'. Fuarthas eolas ar na suíomhanna trínár líonraí. Den chuid is mó, bhí cáilíochtaí Leibhéal 8 nó níos airde agus taithí ar an taighde oideachasúil ag na comhthaighdeoirí ar oideoirí iad a rinne an comhairliúchán a stiúradh ina suíomhanna, ach bhí cáilíochtaí ó Leibhéal 5 go Leibhéal 8 ag na hoideoirí tacaíochta ina suíomhanna.
- Suíomhanna leis na catagóirí ar fad a bhí ábhartha d'Aistear a chlúdach (an baile, naíonraí, réamhscoil/seisiúnach, cúram lae iomlán, Tús Luath, rang naíonán sa bhunscoil, feighlí leanaí, suíomhanna príobháideacha, suíomhanna pobail);
- Suíomhanna a raibh réimse éagsúil babaithe, naíonán, agus páistí óga iontu, maidir le teanga (Gaeilge san áireamh), cultúr, aois, míchumas/ néara-éagsúlacht, inscne, struchtúr teaghlaigh, míbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch;
- Tíreolaíocht: ceantair thuaithe, bailte, agus cathracha;
- Suíomhanna a raibh tuairiscí dearfacha Tusla acu[1]

Thar an 11 suíomh a bhí i gceist sa sampla deiridh, ghlac 136 páiste páirt, ó 9 mí d'aois go 6 bliana d'aois. Bhí níos lú rannpháirtithe ón dream ó bhreith go trí bliana d'aois (28) ná mar a bhí sa chohórt ó thrí bliana d'aois go sé bliana d'aois (108) mar gheall ar ghnéithe d'earnáil na luathóige a leagtar amach go mion sa phríomhthuarascáil. Dá ainneoin sin, síleadh gur leor an sampla de 28 babaí agus naíonán laistigh de dhearadh taighde cáilíochtúil mionsonraithe a dhírigh ar dhoimhne seachas ar líon. Léiríodh eispéiris babaithe agus naíonán astu féin, agus ní in éineacht le heispéiris páistí óga, i dTorthaí na tuarascála iomláine le cinntiú nár cheilt an sampla níos mó de pháistí óga a nguthanna.

Bhí grúpa éagsúil páistí páirteach, 72 buachaill agus 64 cailín, agus 18 teanga éagsúil á labhairt acu sa bhaile, réimse leathan de struchtúir theaghlaigh, cultúir, agus cúlraí creidimh i gceist, 23 páiste a raibh riachtanais bhreise acu, ar a laghad 10 páiste a raibh cónaí orthu i mbochtanas leanúnach, agus 3 pháiste a bhí gan dídean. Ba cheart a lua, áfach, nach raibh aon pháiste den Lucht Siúil nó páiste Romach ná aon pháiste a raibh tuismitheoirí comhghnéis aige/aici sa sampla, faraor. Beidh sé tábhachtach iad a chur san áireamh do Chéim 2 den taighde.

Bhí 11 chomhthaighdeoir ar oideoirí iad ina gcuid den fhoireann taighde féin, ach bhí 23 oideoir breise páirteach sa bhailiú sonraí (32 oideoir ar an iomlán). Tá sé tábhachtach a lua nach bhfuil na comhthaighdeoirí ar oideoirí iad ionadaíoch ar ghnáthearnáil luathóige in Éirinn mar gheall ar a leibhéal ard cáilíochtaí, ach ní raibh an ionadaíocht seo riachtanach ná níor theastaigh sí i gcás na gcomhthaighdeoirí ar oideoirí iad mar gheall nárbh ionann a ról agus faisnéiseoirí díreacha. Seachas a bheith ina ngnáthoideoirí san earnáil, ba ghá don ghrúpa seo scileanna arda a bheith acu ó thaobh rochtain a fháil ar ghuthanna páistí, agus eolas measartha maith a bheith acu ar phróisis taighde. Bhí cáilíochtaí ó Leibhéal 5 go Leibhéal 8 ag na hoideoirí tacaíochta.

[1] Ar ndóigh, níor bhain an critéar seo le suíomh an bhaile.

## 4.5 Príomhthorthaí

Go ginearálta, bhí na torthaí cosúil lena chéile ó thaobh a gcoincheapa de i gcás páistí ó bhreith go dtí trí bliana d'aois agus i gcás páistí ó thrí bliana d'aois go sé bliana d'aois, ach d'fhéadfadh cuma an-difriúil ar fad a bheith orthu *agus iad curtha i bhfeidhm*. Tugtar roinnt samplaí luachmhara ó na sonraí sa tuarascáil iomlán chun seo a léiriú, leagtha amach timpeall Phrionsabal agus Téamaí Aistear, ach tugtar léargas gairid anseo.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an méid a d'inis babaithe, naíonáin agus páistí óga dúinn faoina n-eispéiris le hAistear, b'fhéidir gurb é an díol is suntasaí ná an chumhacht atá aige deiseanna iontacha don fhoghlaim agus don fhorbairt a chur ar fáil, deiseanna a chruthaíonn oideoirí luathóige a bhfuil an-eolas agus oideachas acu, agus ar saineolaithe iad, a mbíonn caidrimh láidre acu le páistí agus le teaghlaigh, a dhéanann cumarsáid trí agus a léirmhíníonn 'cead teanga' páistí, agus a chuireann deiseanna ar fáil don fhoghlaim agus don fhorbairt i dtimpeallachtaí lasmuigh agus laistigh atá lán le hacmhainní.

Cuireann caidrimh taca faoin gcaoi a bhfeiceann agus a gcloiseann oideoirí páistí, an chaoi a bhfreagraíonn siad dá gcuid riachtanas agus buanna ar bhealaí oiriúnaithe, agus an chaoi a léirítear riachtanais trí idirghníomhaíochtaí le foghlaim agus forbairt. D'inis na babaithe, naíonáin agus páistí óga seo dúinn go raibh a gcuid caidreamh an-tábhachtach ar fad dóibh. Cuid de na réimsí a bhfuil machnamh le déanamh orthu agus Aistear á nuashonrú ná díriú níos mó ar chairdis páistí, chun cabhrú le hoideoirí a bhfuil i gceist le hoideolaíocht chothaitheach mhall caidrimh a thuiscint agus lena gcumasú lena cur i bhfeidhm.

Léirítear féiniúlachtaí pearsanta agus teaghlaigh go han-soiléir sna sonraí, agus síleann oideoirí go bhfuil babaithe, naíonáin, agus páistí óga ina bhfoghlaimeoirí muiníneacha agus cumasacha. Déanann Aistear a chleachtas a struchtúrú chun tacú le páistí iad féin a fheiceáil ar an gcaoi sin freisin. É sin ráite, réimse féideartha amháin a bhféadfaí díriú air agus Aistear á nuashonrú ná ábharthacht an chultúir don chleachtas a dhéanamh níos soiléire, a bhfuil i gceist le roinnt féiniúlachtaí (inscne, míchumas/ néara-éagsúlacht, teanga, srl.) a mhíniú, agus a bhféadfadh a bheith i gceist le cur i bhfeidhm oideolaíochta atá barántúil, fiúntach, agus freagrúil ó thaobh an chultúir de. D'fhéadfaí béim a chur ar fheiceálacht roinnt réimsí éagsúlachta sna leabhair, bréagáin, agus acmhainní a úsáidtear, agus feiceálacht páistí ina bpobail in Aistear nuashonraithe.

I measc réimsí breise le machnamh a dhéanamh orthu tá iniúchadh a dhéanamh ar chearta *agus* freagrachtaí babaithe, naíonáin, agus páistí óga mar shaoránaigh dhaonlathacha, agus leanúint ar aghaidh agus an bhéim a leathnú amach go dtí bealaí cumarsáide taobh amuigh de theanga, agus tacaíocht ann d'oideoirí maidir leis seo a dhoiciméadú. Molann torthaí eile béim a leagan ar shaoirse ghluaiseachta agus rogha páistí, leanúint ar aghaidh ag cur béim ar spraoi, agus athmhachnamh a dhéanamh ar ról na cruthaitheachta agus an TFC san Oideachas agus Cúram Luath-Óige.

# Cuid 5: Machnamh ar an gComhairliúchán le babaithe, naíonáin, agus páistí óga: ag cur bonn eolais faoi mholtaí maidir le h*Aistear* a nuashonrú

Faoi mar a leagtar amach sa tuarascáil ar an gcomhairliúchán le babaithe, naíonáin, agus páistí óga, pléann sé le gnéithe Spáis agus Gutha shamhail Lundy (2007) de réir mar a bhaineann sé le forbairt moltaí maidir le h*Aistear* a nuashonrú, agus pléitear sa cháipéis seo gnéithe an Lucht Féachana agus an Tionchair. Curtha le chéile, is é an aidhm atá ann ná cinntiú go n-imríonn an méid a chuir babaithe, naíonáin, agus páistí óga leis an gcomhairliúcháin tionchar éifeachtúil ar na moltaí atá á réiteach faoi láthair. Aithníodh na príomhréimsí seo a leanas agus leagtar amach sa cháipéis seo iad:

- Saoránacht agus Freagracht
- Caidrimh
- Ilfhéiniúlachtaí, feiceálacht, agus ionchuimsiú
- Rannpháirtíocht le teaghlaigh agus le feiceálacht sna pobail
- Ról an Duine Fhásta
- Cruthaitheacht

Níl an méid a leanann ceaptha a bheith ina phlé cuimsitheach ar gach ceist, ach ina léiriú ar na ceisteanna a aithníodh tríd an bpróiseas seo maidir le moltaí do nuashonrú *Aistear* a fhorbairt.

## 5.1 An próiseas machnaimh

Tháinig ábhar imní chun cinn maidir leis an bhféidearthacht a bhí ann go gclúdódh 'súil an duine fhásta' guth na bpáistí sa phróiseas chun na himpleachtaí atá ag an gcomhairliúchán le babaithe, naíonáin, agus páistí óga do thograí maidir le nuashonrú *Aistear* a aithint. Chun dul i ngleic leis an gcúis imní seo, chuir an fhoireann taighde agus foireann CNCM próiseas i bhfeidhm chun machnamh stuama a dhéanamh ar an dréacht-thuarascáil, ag cuimhneamh i gcónaí ar agus ag déanamh athbhreithniú leanúnach ar an bplé, chun teacht ar fhianaise go bhfuiltear i ndiaidh bogadh go rómhór i dtreo ró-léirmhíniú daoine fásta.
Mar phointe tosaigh, d'oibrigh na foirne tríd an dréacht-thuarascáil agus d'aibhsigh siad na príomhthorthaí. Ba í an chéad chéim eile, na catagóirí nó réimsí imní a bhí i bpríomhphointí na tuarascála a aithint. Ba phróiseas atriallach é seo, agus rinneadh athbhreithniú leanúnach ar na réimsí seo agus rinneadh iad a leasú go leanúnach agus an fhoireann ag leanúint uirthi ag obair tríd an dréacht-thuarascáil. Léirítear an leagan amach deiridh sa chéad chuid eile.

Tá sé suntasach ó thaobh an tionchair de go bhfuil na réimsí trasghearrtha seo ann, mar a aithníodh sa chomhairliúchán ar an iomlán go bhfuil gá le nasc níos mó idir Prionsabail agus Téamaí *Aistear*. Mar gheall go bhfuil na príomhsmaointe curtha i ngrúpaí, tá deis ag tuairimí na mbabaithe, naíonán, agus páistí óga tionchar a imirt ar bhealach leanúnach thar na Prionsabail agus Téamaí.

Bhí trí chruinniú ag an bhfoireann taighde agus ag foireann CNCM (dhá cheann ar an láthair, agus ceann amháin ar líne), agus leanadh ar aghaidh leis an anailís agus an dréachtú idir cruinnithe. Agus

an comhairliúchán ag bogadh i dtreo Chéim 2, is é an aidhm atá ann, leanúint leis an rannpháirtíocht seo agus muid ag dul tríd an tionscadal nuálach agus ceannródaíoch seo.

## 5.2 Príomhréimsí

### 5.2.1 Saoránacht agus Freagrachtaí

Tá *Aistear* bunaithe ar íomhá mheasúil an pháiste mar 'fhoghlaimeoir cumasach agus muiníneach'. Chomh maith leis an gcur chuige faoi stiúir páistí agus bunaithe ar chearta seo i leith na saoránachta, tarraingítear aird sa tuarascáil seo ar fhreagrachtaí ár saoránach is óige, sa suíomh agus mar bhaill dá bpobail araon. Tá cumasú babaithe, naíonán, agus páistí óga, agus meas a léiriú orthu soiléir sna sonraí trí eispéiris foghlama dhúshlánacha a sholáthar agus bunús an cheartais shóisialta agus na freagrachta sóisialta a leabú ina ngnáthaimh laethúla, mar shampla, poist chearta sa suíomh. Tá gá le hinniúlachtaí babaithe, naíonán, agus páistí óga a dhéanamh soiléir i dtaca leis seo, le spriocanna faoi leith dá bhfiosrú smaointeoireacht, agus rannpháirtíocht leis an timpeallacht ó thaobh, mar shampla, na hinbhuanaitheachta agus ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Mata) de.

### 5.2.2 Caidrimh

Is bunghné de chreat *Aistear* ón tús iad 'Ceangail páistí le daoine eile' freisin, agus tá caidrimh agus idirghníomhaíochtaí leabaithe trí na Prionsabail agus Téamaí i gcomhthéacs gnéithe atá lárnach san fhoghlaim agus san fhorbairt. Trí léirmhíniú '100 teanga páistí' faoi anáil Reggio (Malaguzzi, 1994), neartaíonn an tuarascáil an tábhacht a bhaineann le hoideolaíocht caidrimh ó thaobh muinín a fhorbairt agus sábháilteacht agus compord a fháil ó dhaoine eile. Bíonn am, tiomantas, agus spás le tabhairt faoi deara ag teastáil chun caidrimh den chineál seo a thógáil. Ba cheart, i moltaí maidir leis an gcreat a nuashonrú, cuimhneamh ar bhéim a leagan ar cur chuige oideolaíochta atá idir mhall agus chothaitheach maidir le caidrimh a thógáil le babaithe, naíonáin, agus páistí óga agus iad ag dul trína n-aistear sna luathbhlianta. Ach an timpeallacht mhuiníneach seo a chruthú idir an t-oideoir agus an páiste, cruthaítear spás sábháilte ónar féidir leo dul ag spaisteoireacht agus plé le cairdis le daoine eile. Léiríonn an tuarascáil seo réimse samplaí ó chairdis luathóige den chineál seo ó na rannpháirtithe is óige, agus iad ag tabhairt freagraí sona ar idirghníomhaíochtaí le babaithe agus naíonáin eile, agus ag lorg a gcuid piaraí go gníomhach, agus ag freagairt dóibh. Trí bhéim níos mó a leagan ar oideolaíocht caidrimh maidir le fios a bheith agat ar an luach a bhaineann le moilliú síos, a bheith i láthair agus freagrúil ar ghuth an pháiste, cruthaítear spás le huathúlacht gach páiste a fheiceáil, meas a léiriú ar a indibhidiúlacht, agus eispéiris foghlama fhiúntacha agus thaitneamhacha a chruthú.

### 5.2.3 Ilfhéiniúlachtaí, Feiceálacht, agus Ionchuimsiú

Tarraingíonn príomhtheachtaireachtaí ón tuarascáil aird ar cheisteanna an chothromais agus na cothroime sóisialta ó thaobh cinntiú go n-éistear le agus go bhfreagraítear na guthanna sin sna luathbhlianta a d'fhéadfadh a bheith níos leochailí i gcomhthéacs an eisiaimh de. Léiríonn Prionsabail agus Téamaí *Aistear* an chaoi ar cheart meas a léiriú ar bhabaithe, naíonáin, agus páistí óga, an chaoi ar cheart iad a chumasú agus aire a thabhairt dóibh, agus an chaoi ar cheart iad a dhéanamh páirteach, ach is féidir go bhfuil teachtaireacht fholaithe an chumasachais i gcodanna mar gheall ar easpa béime ar bhealaí éagsúla cumarsáide agus rannpháirtíochta.

Tarraingítear aird sa tuarascáil ar choincheap seo an ionchuimsithe de bharr easpa tagairtí faoi leith do pháistí ó chultúir, cumais, agus cúlraí éagsúla sna sonraí. Féadfaidh sé go dtagann sé ó chothromas an tsoláthair sna suíomhanna inar bailíodh na sonraí, agus beidh deis i gCéim 2 leis seo a fhiosrú tuilleadh. Leag Téama na Féiniúlachta agus an Mhuintearais béim ar an tábhacht seo a bhaineann le héagsúlacht i struchtúir theaghlaigh, cultúir, agus cúlraí a ainmniú agus meas a léiriú ar an éagsúlacht chéanna. Féadfar cuimhneamh ar an gcaoi a dtugtar cultúr teaghlaigh; 'cistí eolais' ón mbaile; féiniúlacht; teanga; néara-éagsúlacht agus (mí)chumas isteach agus an chaoi a ndéantar feiceálach iad i dtimpeallacht agus curaclam na luathóige ar bhealach níos soiléire agus níos fiúntaí ionas gur féidir le páistí iad féin a fheiceáil ina spás. Tá scóip ann maidir le breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh chreatchuraclam eiseamláirí a chur ar fáil chun cothroime eispéiris a chinntiú go gach páistí.
Ó pheirspictíocht bunaithe ar chearta, tá Spriocanna Foghlama ag téama Folláine *Aistear* a thagraíonn do mhuinín, féintuilleamaí, agus teacht aniar, ach d'fhéadfaí an bhrí a bhaint as seo go bhfuil an iomarca tábhachta á leagan ar pháiste ag forbairt na meonta seo mar dhuine aonair. D'fhéadfadh moltaí maidir le h*Aistear* a nuashonrú dul i ngleic leis seo ach béim a leagan ar an gcaoi a bhforbraíonn páistí meonta den chineál seo trí na caidrimh shlána a leagann *Aistear* béim orthu, agus an tábhacht a bhaineann le cur chuige mall cothaitheach chun éiginnteachtaí, imní, agus tráma a bhainistiú.

### 5.2.4 Rannpháirtíocht le Teaghlaigh agus Pobail

Is gné lárnach d'*Aistear* é comhpháirtíocht le tuismitheoirí óna thús agus tá sé leabaithe i bPrionsabail agus i dTreoirlínte an chreata. Léiríonn torthaí ó na sonraí go bhfuil gá le rannpháirtíocht níos fiúntaí le teaghlaigh agus le pobail faoi mar a chuirtear romhainn sna prionsabail seo a bhaineann le ceangail le daoine eile. Leag Téama na Féiniúlachta agus an Mhuintearais béim ar an tábhacht a bhaineann le meas a léiriú ar éagsúlacht i struchtúir theaghlaigh, cultúir, agus cúlraí. Tarraingíonn an dréacht-tuarascáil aird ar an ngá le feiceálacht bhreise éagsúlacht na bhféiniúlachtaí sa suíomh trí thaispeántais, acmhainní agus nithe riachtanacha amhairc; mar shampla, d'fhéadfadh moltaí maidir le h*Aistear* a nuashonrú meas ar na daoine sin a fheiceann muid sa phobal áitiúil agus níos leithne a chur chun cinn, fiú mura bhfuil an éagsúlacht sin sa suíomh féin, nó mura bhfuil sí le feiceáil sa suíomh féin. Is ábhar plé agus moltaí á bhforbairt é aitheantas a thabhairt do na féidearthachtaí atá ann don Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht sa spás idirghníomhach seo, ó stair agus seanchas áitiúil; bláthanna agus crainn dhúchasacha; ainmhithe agus éin; chomh maith le haithne a chur ar do chomharsana agus cairde ar mhaithe le cur le heispéiris foghlama.

### 5.2.5 Ról an Duine Fhásta

Leagtar béim go leanúnach sa dréacht-tuarascáil ar lárnacht ról an duine fhásta ó thaobh tacú le foghlaim agus forbairt an pháiste de. Féadfaidh béim faoi leith ar intinniúlacht riachtanas cúraim agus cothaitheach babaithe, naíonán, agus páistí óga i moltaí maidir le h*Aistear* a nuashonrú scóip a chur ar fáil i dtaca le haitheantas a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann leis na caidrimh seo ó thaobh babaithe, naíonáin, agus páistí óga a threorú agus a chumasú de. Tá sé seo suntasach go háirithe i gcás na chéad trí bliana, a dtarlaíonn forbairt dhomhain inchinne lena linn. Léiríonn an dréacht-tuarascáil an tábhacht a bhaineann le cáipéisíocht a bhfuil cuspóir leis atá ábalta foghlaim, aistrithe, agus forbairt páistí a threorú agus tacaíocht a chur ar fáil dó, chomh maith le pointí tábhachtacha ina saolta a léiriú. Athdhearbhaíonn na torthaí an cuspóir a bhaineann le foghlaim

agus forbairt páistí a phleanáil agus a mheas de réir a suimeanna, na rudaí a thaitníonn leo, agus a gcuid riachtanas, rud a gcuireann oideolaíocht caidrimh mhall bonn leis arís ó thaobh am a ghlacadh le bheith i láthair, le tabhairt faoi deara, lena nguthanna a chloisteáil, agus le meas a léiriú ar a rún cumarsáide. Chomh maith le béim a leagan ar chleachtas agus cáipéisíocht chaidrimh, baineann cuid mhór de ról an duine fhásta le cruthú na riachtanas agus na dtimpeallachtaí don fhoghlaim agus forbairt is fearr. Is an-bhua is gá a choimeád sa leagan nuashonraithe é solúbthacht an chreata, a spreagann cruthaitheacht léirmhínithe ó lionsaí éagsúla na ndaoine a úsáideann *Aistear*.

### 5.2.6 Cruthaitheacht

Tá an oideolaíocht chaidrimh fite fuaite sna príomhthorthaí sa dréacht-tuarascáil, agus leagann an coincheap seo béim ar an tábhacht a bhaineann le ham agus spás leis an gcumarsáid, fiosrú, agus spraoi fiúntach a chumasú. Agus moltaí á bhforbairt maidir le h*Aistear* a nuashonrú ag an am céanna agus na Croíphrionsabail maidir le heispéiris foghlama ghníomhacha phraiticiúla laistigh de thimpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha á gcoimeád, léiríonn an dréacht-tuarascáil an chaoi ar féidir comhthéacs atá ag athrú saolta na bpáistí, le tagairt faoi leith don spraoi faoin aer, teicneolaíochtaí digiteacha, agus léiriú ealaíonta, an chaoi ar féidir an comhthéacs sin a léiriú níos mó i bpróiseas an nuashonraithe ionas go dtacaítear le cruthaitheacht agus inniúlachtaí páistí agus go gcuirtear barr feabhais orthu. D'fhéadfadh ceisteanna den chineál sin cur le béim reatha *Aistear* ar eispéiris foghlama ghníomhacha agus phraiticiúla i dtimpeallachtaí foghlama ionchuimsitheacha, timpeallachtaí a choimeádfar.

Cé gur ceisteanna riachtanacha iad rogha na mbabaithe, naíonán, agus páistí óga, léiríonn an taitneamh a bhaineann siad as ealaín, drámaíocht, ceol, agus eachtraí faoin aer an tábhacht a bhaineann le spásanna ealaíonta a bhfuil go leor acmhainní iontu, laistigh agus lasmuigh, agus cearta an pháiste maidir le roghanna a dhéanamh maidir lena spraoi. Neartaítear lárnacht na foghlama féinstiúrtha agus an rogha laistigh de ghnáthaimh laethúla sa dréacht-tuarascáil mar phríomhghnéithe d'fhoghlaim agus d'fhorbairt páistí. D'fhéadfadh moltaí maidir le h*Aistear* a nuashonrú an chaoi a bhféadfadh eiseamláirí de chúiseanna agus gníomhaíochtaí bonn eolais a chur faoi agus spreagadh a thabhairt d'oideoirí maidir le freagairt do ghuthanna páistí ó thaobh féachaint ar an gcaoi ar féidir lena spéiseanna an fhoghlaim a stiúradh thar gach ceann den cheithre Théama.

# Cuid 6: Conclúid

Sa tuarascáil seo pléitear Céim 1 den chomhairliúchán maidir le h*Aistear* a nuashonrú ar tugadh raon deiseanna do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí lena linn a gcuid tuairimí a roinnt maidir le todhchaí an chreata. Bhí páirtithe leasmhara an-rannpháirteach sna próisis éagsúla bhailithe sonraí, faoi mar a léirítear sa tuarascáil seo. Ós rud é gurb é aidhm an phróisis nuashonraithe cinntiú go leanann *Aistear* ag tacú le hoideachas luath-óige ar ardchaighdeán in Éirinn sna blianta amach romhainn, ba é aidhm Chéim 1 tuiscint a fháil ar a bhfuil ag éirí go maith leis in Aistear agus ar an méid atá le nuashonrú, dar le daoine. Faoi mar a bhíonn i gceist le gach comhairliúchán luath-óige a dhéanann CNCM, bhí sé ríthábhachtach cloisteáil ó agus foghlaim ó pháistí, naíonáin agus páistí óga go díreach maidir leis na cineálacha eispéiris foghlama atá luachmhar dóibh ina saol. Mar sin, tá snáithe seo an chomhairliúcháin lárnach i bpróiseas an nuashonraithe. Tá luach ag baint leis an réimse guthanna, a thugann peirspictíochtaí éagsúla, sa chomhairliúchán. Is é an toradh atá ann ná bailiúchán saibhir torthaí a leagann síos, in éineacht leis an Léirbhreithniú ar an Litríocht chun Tacú le Nuashonrú *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* (CNCM, le teacht), bunchlocha an-tábhachtach do na chéad chéimeanna eile a bheidh i gceist i bpróiseas an nuashonraithe.

Tá an t-aiseolas a fuarthas ar íomhá an pháiste mar bhonn le gach toradh agus tá sé ábhartha i gcás gach gné den chreat. Aithníodh i bhfoirmeacha éagsúla an chomhairliúcháin gur príomhbhua in Aistear é íomhá lárnach an pháiste mar 'fhoghlaimeoir cumasach agus muiníneach' (aistrithe go Gaeilge). Bhí comhaontú láidir ann gur cheart an íomhá seo ag croí an chreata a choinneáil. É sin ráite, aithníodh gur cheart níos mó a dhéanamh chun cumasú páistí a neartú trí na Prionsabail agus Téamaí a nuashonrú. Ba cheart glacadh leis na hilchineálacha éagsúlachta agus ionchuimsithe agus íomhá seo an pháiste á neartú ag baint úsáid as cur chuige ceartbhunaithe i leith oideachas luath-óige. Braitheadh gur cheart coincheapa an Chomhionannais, na hÉagsúlachta, an Ionchuimsithe agus na hIlchultúrthachta a leabú i ngach gné d'*Aistear* mar fhreagra ar thuairimí agus dearcthaí nua-aimseartha na sochaí. Beidh na torthaí seo ina bpríomhspreagadh maidir leis na tograí ar a mbeidh an comhairliúchán i gCéim 2 bunaithe.

## 6.1 Achoimre ar na torthaí

### 6.1.1 Prionsabail

Léiríonn na torthaí go bhfuil Prionsabail Aistear ábhartha agus freagrúil go fóill ó thaobh a bheith mar bhunús leis an gcreat agus go mbeadh tairbhe ann dá ndéanfaí iad a neartú tuilleadh agus níos mó béime a leagan orthu. Ceistíodh freisin ról agus tionchar na bPrionsabal mar gheall gur braitheadh go láidir go sáraíonn na Téamaí iad in amanna. Léiríonn na torthaí gur deis é próiseas an nuashonraithe chun feabhas a chur ar na naisc idir na Prionsabail agus na Téamaí agus na Prionsabail a dhéanamh níos feiceálaí. Díríodh cuid mhór ar íomhá an duine sna Prionsabail i nGrúpa 2 maidir le naisc páistí le daoine eile. Is gá go léirítear ról agus féiniúlacht an lucht saothair gairmiúil in oideachas luath-óige, a dtagann athrú orthu, in *Aistear*.

Ceist thábhachtach is gá machnamh a dhéanamh uirthi agus an creat á nuashonrú ná an gá le níos mó machnaimh a dhéanamh ar cheisteanna an ionchuimsithe agus na héagsúlachta i gcomhthéacs a ngnéithe uile. Luadh ionchuimsiú agus éagsúlacht i dtaobh le réimse comhthéacsanna lena n-áirítear éagsúlacht teanga agus teaghlaigh agus dúradh go bhfuil siad ábhartha sa chreat ar fad agus ní sna Prionsabail amháin.

Dúradh go bhfuil an bhéim atá in *Aistear* cheana féin ar chomhthéacsanna sóisialta agus cultúrtha tuismitheoirí/caomhnóirí, teaghlach, agus pobal i gcoitinne sna Prionsabail i nGrúpa 2 an-fháilteach agus go bhfuil sí an-tábhachtach. Léiríonn na torthaí freisin gur gá an bhéim ar rannpháirtíocht le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le teaghlaigh páistí a neartú, agus gur gá tacú le hoideoirí luathbhlianta i rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlaigh in eispéiris foghlama a bpáistí agus ina dtuiscint, go háirithe tríd an súgradh. Chomh maith leis sin, luadh rannpháirtíocht an phobail in oideachas luath-óige páistí agus feasacht maidir le rannpháirtíocht den chineál seo a chur chun cinn. Mar chuid den aiseolas ar an éagsúlacht a luadh níos luaithe, is gá a bheith feasach maidir le hathruithe ar struchtúr an teaghlaigh i sochaí agus i gcultúr na hÉireann agus an gá le haitheantas dearfach a thabhairt don athrú seo agus fáiltiú roimhe. Tá gá agus deis ann an coincheap go dtarlaíonn an fhoghlaim i gcomhthéacs caidreamh mothálach agus croíúil a neartú agus aitheantas a thabhairt do nádúr cómhalartach an chaidrimh le tuismitheoirí, le teaghlaigh agus le pobail.

### 6.1.2 Téamaí

Léiríonn na torthaí go bhfuil aontú leathan ann maidir le hábharthacht inneachar cheithre Théama *Aistear* atá ábhartha go fóill agus go bhfuil dea-thionchar imeartha acu ar fhoghlaim agus ar fhorbairt páistí óga. Tarraingíodh aird ar choincheap ghníomhú an pháiste faoi mar a léirítear sna hAidhmeanna agus sna Spriocanna Foghlama é. Léiríonn na torthaí go bhfuil gá le béim níos mó a leagan ar chur chuige Bunaithe ar bhuanna maidir le gníomhú an pháiste sna hAidhmeanna agus Spriocanna Foghlama. Gné choiteann a tháinig chun cinn san aiseolas maidir leis na Téamaí ar fad ná tacaíocht do níos mó feiceálachta i gcomhthéacs ghníomhú an pháiste, go háirithe ós rud é go léirítear gníomhú trí dheiseanna a chur ar fáil do pháistí guth a bheith acu ina n-eispéiris laethúla. Chomh maith le agus maidir le Téamaí faoi leith, léiríonn an torthaí:

- **Folláine**: gá le tacú le meas páistí orthu féin agus ar a dtimpeallacht, a bheith feasach ar agus don timpeallacht, agus saoránacht ghníomhach.
- **Féiniúlacht agus Muintearas**: gá le níos mó éagsúlachta, comhionannais, agus neamhchlaontachta a chothú chomh maith le cearta páistí.
- **Cumarsáid**: feasacht níos fearr ar agus níos mó deiseanna don chruthaitheacht agus teanga agus litearthacht oiriúnaitheach.
- **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht**: béim níos mó ar an smaointeoireacht chriticiúil agus foghlaim in Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata (ETIM).

Dhírigh trácht uileghabhálach maidir leis na Téamaí ar líon na Spriocanna Foghlama agus dúradh go gcruthaíonn sé sin deacrachtaí d'oideoirí agus moladh laghdú i líon agus i mioneolas na spriocanna.

### 6.1.3 Ábhair thacaíochta

Go ginearálta, bhí tráchtanna maidir leis na Treoirlínte don Dea-Chleachtas dearfach agus measadh gur acmhainn úsáideach iad chun obair leis na Prionsabail agus na Téamaí. Agus machnamh á dhéanamh ar an ngá le hacmhainní amach anseo, is léir ó na torthaí in earnáil na luath-óige go bhfuil ríthábhacht ag baint le hacmhainní praiticiúla d'oideoirí maidir le hobair le h*Aistear* chun eispéiris thairbheacha luathoideachais a chruthú. Cuireadh go leor samplaí

d'acmhainní ar fáil sna sonraí agus áirítear ina measc seo tagairtí d'ábhair thábhachtacha amhail treoracha maidir le heolas ar fhoghlaim an pháiste a roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí; obair le cáipéisíocht; tacú le measúnú agus rannpháirtíocht an pháiste sa mheasúnú. I measc moltaí eile maidir le hacmhainní praiticiúla is féidir a úsáid le h*Aistear* tá acmhainní maidir le hobair le curaclam oiriúnaitheach sa chleachtas agus cur chun cinn na foghlama ar bhonn fiosraithe. Beidh gá le machnamh cúramach ar fhorbairt acmhainní tacaíochta praiticiúla maidir le pleanáil agus obair le h*Aistear*.

### 6.1.4 Teanga

Gné choiteann a tháinig chun cinn sna torthaí ná an gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar stíl agus réim na teanga in *Aistear* ionas go dtiocfadh sé le sochaí nua-aimseartha na hÉireann. Tá gá le machnamh a dhéanamh ar a ionchuimsithí agus atá *Aistear* faoi láthair agus féachaint an é cuimsiú teanga níos cumasaí do pháistí agus do dhaoine fásta an réiteach air seo. Tá gá le cosaint i gcoinne bhaol an eisiaimh agus an imeallaithe. Ba cheart don teanga tacú le rochtain agus rannpháirtíocht fhiúntach do chách agus go mbeadh tuiscint ann ar dhínit agus tábhacht an pháiste agus an duine fhásta. Ba cheart don teanga a úsáidtear a bheith ailínithe le beartais agus straitéisí náisiúnta.

### 6.1.5 Súgradh

Leagadh béim ar thábhacht an tsúgartha in *Aistear* mar an-bhua. É sin ráite, tá gá le coincheapadh an tsúgartha a fheabhsú agus a nuashonrú mar fhreagra ar an taighde agus cuir chuige fhianaisebhunaithe nua agus ábhartha. Léiríonn an torthaí gá le níos mó taighde a rinneadh le déanaí chun a bheith mar bhonn leis an gcur síos ar ról na foghlama súgradhbhunaithe agus lena stiúradh in Aistear, agus cumasóidh an léirbhreithniú ar an litríocht a choimisiúnaigh CNCM chun tacú le próiseas an nuashonraithe (CNCM, le teacht) le gníomhú mar fhreagra ar an toradh seo.

## 6.2 An chéad chéim eile den obair

Faoi mar a luadh, thug Céim 1 den chomhairliúchán an chéad deis, ón mbliain 2009, dóibh siúd a bhfuil spéis acu in oideachas luath-óige machnamh a dhéanamh ar na rudaí a bhfuil ag éirí leo in *Aistear* agus ar na rudaí atá le nuashonrú sa chreat. Bainfear úsáid sna míonna amach romhainn as na torthaí ó na trí shnáithe de Chéim 1 – (1) Comhairliúchán le hearnáil na luath-óige; (2) Comhairliúcháin le páistí, naíonáin agus páistí beaga; agus (3) an Léirbhreithniú ar an Litríocht chun Tacú le Nuashonrú *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* chun tograí a fhorbairt do chreatchuraclam nuashonraithe. Tacóidh na páirtithe oideachais leis an obair seo agus déanfaidh siad í a chur chun cinn trí Ghrúpa Forbartha *Aistear* CNCM, Bord don Luath-óige agus don mBunscoil, agus Comhairle. I ndiaidh tréimhse plé thar struchtúir CNCM, foilseofar dréachtchreat nuashonraithe mar 'cháipéis bheo' do chomhairliúchán poiblí Chéim 2 sa chéad leath de 2023. Deis eile a bheidh anseo do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí a ghlac páirt i gCéim 1 tuilleadh aiseolais a chur ar fáil maidir leis an gcreat nuashonraithe a mholtar. Déanfar na torthaí ó Chéim 2 a thuairisciú ansin agus bainfear úsáid astu chun an leagan nuashonraithe d'*Aistear* a chur i gcrích.

# Tagairtí


Braun, V. and Clarke, V. (2006) *Thematic analysis: A practical guide*. Londain: Sage.

Chenail, R. J. (2011) 'Ten steps for conceptualizing and conducting qualitative research studies in a pragmatically curious manner'. *The Qualitative Report*, 16(6), lgh. 1715-1732. Ar fáil ag: https://doi.org/10.46743/2160-3715/2011.1324

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999) *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: www.curriculumonline.ie/Primary

Rialtas na hÉireann (2016) *Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luathóige.* Ar fáil ag: *https://assets.gov.ie/38186/c9e90d89d94b41d3bf00201c98b2ef6a.pdf*

Rialtas na hÉireann (2016) *Ag breathnú ar an scoil againne: Creat cáilíochta do bhunscoileanna.* Ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/publication/743565-looking-at-our-school-2016/

Rialtas na hÉireann (2018 *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais.* Ar fáil ar: https://assets.gov.ie/24725/07cc07626f6a426eb6eab4c523fb2ee2.pdf

Rialtas na hÉireann (2019) *Treoirlínte maidir le Dearadh Uilíoch do Shuíomhanna Luathfhoghlama agus Luathchúraim.* Ar fáil ag: https://aim.gov.ie/aim-supports/universal-design-guidelines/

Rialtas na hÉireann (2021) *Creat rannpháirtíochta: An Creat Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus iad a bheith rannpháirteach i ndéanamh cinntí* Ar fáil ag: https://hubnanog.ie/participation-framework/

Lundy, L. (2007) 'Voice' is not enough: Conceptualising article 12 of the united nations convention on the rights of the child.' *British Educational Research Journal*, (33), pp. 927-942.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009) *Aistear; Creatchuraclam na Luath-Óige.* Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/Early-Childhood/

UNESCO (1989) *Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh* Ar fáil ag: https://www.unicef.org/child-rights-convention/convention-text#

UNESCO (2020) *Education for sustainable development: A roadmap* [ar líne]. Ar fáil ag: https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000374802?posInSet=1&queryId=c98801f3-d7e7-4f57-b135-597550941aba

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment